2024/1896

12.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1896 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí clóiríde polaivinile áirithe ('PVC') de thionscnamh na hÉigipte agus Stáit Aontaithe Mheiriceá

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 15 Samhain 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí clóiríde polaivinile ('PVC') de thionscnamh na hÉigipte agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('na tíortha lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne an Coiste um Thrádáil Clóiríde Polaivinile ('na gearánaigh') an 2 Deireadh Fómhair 2023. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal PVC an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta ach amháin más leor an fhianaise atá aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar na ceanglais faoi phointe (c) nó (d) d'Airteagal 10(4).

(4) Níor iarr na gearánaigh clárú agus rinne an Coimisiún amach nár comhlíonadh na ceanglais faoi phointe (d) d'Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. De bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin (féach aithris (32)), níor tháinig méadú suntasach eile ar allmhairí ina dhiaidh sin.

(5) De bharr na gcúiseanna atá leagtha amach i roinn 4.4.1 thíos, chinn an Coimisiún na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann a charnadh chun críche na hanailíse a bhfuil cur síos uirthi sna haithrisí thuas. Léiríodh in anailís ar na sonraí a baineadh as an mBunachar Sonraí Comext Eurostat agus ar na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sna tíortha lena mbaineann gur tháinig laghdú 41 % ar mhéid carnach na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sna chéad trí mhí iomlána (i.e. ó Nollaig 2023 go Feabhra 2024) tar éis thionscnamh an imscrúdaithe i gcomparáid leis na míonna céanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an gcaoi chéanna, ba é a bhí sa mheánmhéid míosúil allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na chéad trí mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe 19 148 dtona i gcomparáid leis an meánmhéid míosúil allmhairí 27 450 thona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún allmhairí PVC faoi réir clárú faoi Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse réamhnochta.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí clóiríde polaivinile áirithe ('PVC') de thionscnamh na hÉigipte agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO C, C/2023/1033, 15.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1033/oj)

1.3. **Páirtithe leasmhara**

(6) San Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais Eorpaigh, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis na hÉigipte agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM'), allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, agus trádálaithe ar an eolas go sonrach maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(7) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.4. **Sampláil**

(8) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.4.1. *Táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil*

(9) San Fhógra Tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn táirgeachta agus díolachán. Is triúr táirgeoirí de chuid an Aontais a bhí i gceist sa sampla sin. B'ionann táirgeoirí sampláilte an Aontais agus 25 % den táirgeacht mheasta agus 26 % de mhéid díolachán measta an Aontais den táirge comhchosúil. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil agus deimhníodh an sampla sealadach. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

1.4.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(10) Níor sholáthair allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, níor roghnaigh an Coimisiún aon sampla d'allmhaireoirí.

1.4.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin san Éigipt*

(11) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh go raibh, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san Éigipt an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Phoblacht Arabach na hÉigipte chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(12) Ní raibh ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin san Éigipt, TCI Sanmar Chemicals S.A.E. ('TCI Sanmar'), a chuir an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus a thoiligh a bheith san áireamh sa sampla. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

(13) An 7 Nollaig 2023, 15 lá tar éis don sprioc-ama chun faisnéis samplála a sholáthar a bheith imithe in éag, tháinig an dara táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na hÉigipte, Egyptian Petrochemical Company ('EPC'), chun cinn agus d'iarr sé ar an gCoimisiún páirt a ghlacadh san imeacht mar pháirtí leasmhar. Ós rud é go ndearna sé amach nár dhócha go gcuirfeadh rannpháirtíocht an dara táirgeoir onnmhairiúcháin bac ar chur i gcrích tráthúil an imscrúdaithe, thug an Coimisiún freagra fabhrach ar iarraidh EPC.

1.4.4. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i Stáit Aontaithe Mheiriceá*

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh go raibh, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile i Stáit Aontaithe Mheiriceá an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(15) Chuir ceathrar táirgeoirí onnmhairiúcháin i Stáit Aontaithe Mheiriceá an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de bheirt táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le roghnú an tsampla.

1.5. **Scrúdú aonair**

(16) Chuir an bheirt táirgeoirí onnmhairiúcháin chomhoibríocha neamhshampláilte de chuid Mheiriceá in iúl go raibh sé ar intinn acu scrúdú aonair a iarraidh faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, níor thug aon cheann acu freagra ar an gceistneoir agus, dá bhrí sin, níor chuir siad iarrataí iarbhír ar fáil.

1.6. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(17) Fuair an Coimisiún roinnt barúlacha ó pháirtithe leasmhara maidir le tionscnamh agus mar fhreagairt d'aighneachtaí páirtithe eile.

(18) I ndiaidh an tionscnaimh, fuarthas barúlacha ó Rialtas na hÉigipte, ón táirgeoir Éigipteach ('TCI Sanmar'), ó na táirgeoirí SAM Oxy Vinyls, LP agus Westlake Corporation ('Westlake'), ó tháirgeoir neamhshampláilte de chuid an Aontais Ercros, agus ó bheirt úsáideoirí, Rehau agus Foamalite Ltd. ('Foamalite'). Chuir na gearánaigh barúlacha isteach freisin inar bhréagnaigh siad na haighneachtaí a rinne na páirtithe leasmhara.

(19) Mhaígh Rialtas na hÉigipte agus TCI Sanmar nár sholáthair na gearánaigh comparáid chóir idir praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach agus nach raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán maidir le dumpáil.

(20) D'easaontaigh an Coimisiún leis sin. Maidir le dumpáil, mheas an Coimisiún gur áiríodh sa ghearán fianaise ábhartha leordhóthanach chun a imscrúdú a thionscnamh toisc gur léirigh an fhianaise prima facie corrlaigh dhumpála 45,2 % i gcás na hÉigipte agus 40,6 % go 59,4 % i gcás SAM. Go sonrach, bhí an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ag na gearánaigh ar fhaisnéis réasúnta a bhí ar fáil amhail meánphraghas CAL Eurostat ar allmhairí de thionscnamh na hÉigipte isteach san Aontas arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha, ag úsáid meastacháin réasúnta. Ar an gcaoi chéanna, shuigh na gearánaigh an gnáthluach ar bhonn praghsanna áitiúla arna dtuairisciú ag an gcóras faireacháin margaidh ChemOrbis ar Innéacs Praghsanna Áitiúla na hÉigipte. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(21) Cheistigh Rialtas na hÉigipte, Oxy Vinyls, LP, TCI Sanmar agus Westlake an anailís díobhála sa ghearán toisc nach raibh allmhairí na hÉigipte agus SAM ag teacht isteach san Aontas ar mhéideanna ná ar phraghsanna díobhálacha agus go raibh tionscal an Aontais sláintiúil agus ag feidhmiú go maith. Mheas na páirtithe freisin nach raibh bunús leis na hábhair imní faoi bhagairt díobhála.

(22) Bhí treocht na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i dtéarmaí praghsanna cainníochtaí sa ghearán. Foráiltear leis an mbun-Rialachán go gcuirfear san áireamh san anailís díobhála an dearbhleibhéal agus treocht an sciar den mhargadh agus na bpraghsanna araon le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mheas an Coimisiún, cé go bhféadfadh tionscal an Aontais a bheith sláintiúil go luath sa tréimhse faoi bhreathnú, gur cuireadh argóintí i láthair sa ghearán maidir le cén fáth ar tháinig meath ar an staid ó dheireadh 2022 agus nár cuireadh aon fhianaise leordhóthanach ar fáil i gcoinne na n-argóintí a cuireadh i láthair chun tacú le bagairt fhéideartha díobhála, go háirithe i bhfianaise ró-acmhainneacht struchtúrach onnmhaireoirí ó na tíortha lena mbaineann.

(23) Mhaígh Rialtas na hÉigipte, Oxy Vinyls, LP, agus TCI Sanmar nár léiríodh an nasc cúisíoch agus go raibh cúiseanna díobhála malartacha eile ann. I measc cúiseanna eile díobhála, luaigh na páirtithe costais fuinnimh, force majeure, allmhairí neamhábhartha ó Mheicsiceo agus ón Iorua, boilsciú, agus feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais. Mhaígh Rehau agus Foamalite go bhféadfadh sé go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais freagrach as a ndíobháil féin mar gheall ar theagmhais force majeure a dhearbhú lenar cuireadh srian ar sholáthar an táirge d'úsáideoirí de chuid an Aontais faoi bhun méideanna conartha agus dá thoradh sin gur cuardaíodh foinsí eile PVC lasmuigh den Aontas ag úsáideoirí dá ndearnadh difear.

(24) Mhaígh Ercros gur léiríodh an nasc cúisíoch agus chuir sé i dtábhacht go raibh an t-ísliú praghsanna a rinne difear do mhargadh agus do thionscal an Aontais á thiomáint den chuid is mó agus gan amhras ag praghsanna PVC na hÉigipte agus SAM, rud a léiríonn 2021 mar chor cinniúnach.

(25) Mheas an Coimisiún go raibh eilimintí leordhóthanacha sa ghearán chun measúnú a dhéanamh ar an nasc cúisíoch ag an gcéim sin agus nár soláthraíodh aon fhianaise shubstainteach chun teacht salach ar an argóinteacht a áirítear sa ghearán.

(26) Mhaígh Oxy Vinyls, LP go bhfuil costais níos airde ag táirgeoirí de chuid an Aontais ag eascairt as an ardchostas comhlíontachta a bhaineann le go leor iarrachtaí comhshaoil agus sóisialta de chuid an Aontais.

(27) Mheas an Coimisiún go bhféadfadh roinnt fiúntas a bheith ag baint leis an líomhain sin dá mbreathnófaí an díobháil le linn na tréimhse iomláine lena mbaineann, ach nár éirigh leis na hargóintí míniú a thabhairt ar theacht chun cinn tobann na díobhála le linn na tréimhse imscrúdúcháin nuair a tháinig borradh ar na hallmhairí dumpáilte líomhnaithe.

(28) Mhaígh Oxy Vinyls, LP agus Westlake nár thug na gearánaigh bunús leis an bhfáth gur cheart an corrlach brabúis chun an gearrdhíol a ríomh a bheith cothrom le 15 %. Ó thaobh Ercros de, d'áitigh sé go n-éilíonn tionscal sláintiúil PVC de chuid an Aontais corrlach brabúis 15 %. Cé gur chosain na gearánaigh, le tacaíocht ó Ercros, gurb ionann gnáthchorrlach brabúis don earnáil ceimiceán agus corrlach brabúis 15 %, ní bhfuair an Coimisiún fianaise ó pháirtithe eile maidir le cén corrlach brabúis réasúnta a bhféadfaí a bheith ag súil leis sa mheántéarma i dtionscal timthriallach amhail PVC. D'áitigh na honnmhaireoirí SAM céanna freisin go bhféadfadh an tionscnamh a bheith lochtach toisc gur úsáid na gearánaigh EBITDA trí bhotún in ionad an chorrlaigh bhrabúis. Thug an Coimisiún dá aire gur úsáideadh an corrlach brabúis 15 % sna ríomhanna agus nár luadh sa ghearán ach gurbh ionann an céatadán sin agus an sprioc % EBITDA do na gearánaigh. Mheas an Coimisiún nach féidir a thuiscint ón gcomparáid idir cóimheasa éagsúla sa ghearán gur bhain na gearánaigh úsáid as EBITDA seachas an corrlach brabúis trí bhotún ([3]).

(29) Rinne Foamalite gearán faoin tionchar féideartha ar a iomaíochas má fhorchuireann an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála ós rud é go bhfuil sé in iomaíocht le heintiteas atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann nach mbeadh air a leithéid a íoc i ndáil lena allmhairí ó SAM. Shuigh an Coimisiún gur thionscain an Ríocht Aontaithe imscrúdú frithdhumpála ar S-PVC ó SAM an 8 Eanáir 2024 agus dhíbh sé an maíomh.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(30) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais, chuig an mbeirt táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Éigipt a tháinig chun cinn agus chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i SAM. D'fhoilsigh an Coimisiún ceistneoir d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí san Fhógra Tionscnaimh. Cuireadh ceistneoirí ar fáil freisin do thrádálaithe neamhchomhlachaithe lasmuigh den Aontas (féach aithrisí (48) agus (73)). Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([4]) lá an tionscnaimh.

(31) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— INOVYN Manufacturing Belgium SA, Evere, an Bheilg

([3]) Léitear an ráiteas sa ghearán mar seo a leanas: 'Meastar gur gnáthchorrlach brabúis don tionscal ceimiceán é *corrlach brabúis* 15 % agus ar an meán is é an sprioc % EBITDA do na cuideachtaí Gearánach é. Léiríonn an figiúr sin an leibhéal EBITDA is gá chun infheistíocht a dhéanamh agus chun acmhainneacht táirgeachta a chothabháil'. Sa dá mhír seo a leanas den ghearán, is léir go sainráite gur bhain na gearánaigh úsáid as an gcorrlach brabúis ina n-anailís: 'Is tionscal atá dian ar chaipiteal é an tionscal PVC agus ní mór dó *corrlaigh bhrabúis* 15 % a bhaint amach chun go mbeidh sé inbhuanaithe. Áirítear leis sin athinfheistiú i bpleananna atá ann cheana chun oibríochtaí amach anseo a áirithiú agus chun fanacht iomaíoch i gcoinne allmhairí ó thíortha a bhfuil costais fuinnimh níos ísle acu mar aon le ceanglais dhícharbónaithe nach bhfuil chomh dian céanna' agus 'roimhe seo, ní raibh *corrlach brabúis* 15 % á bhaint amach ag an tionscal go comhsheasmhach agus chruthaigh sé sin go leor fadhbanna as ar eascair dúnadh roinnt aonad PVC agus fiú dúnadh láithreán iomlán'.

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2695

— Shin-Etsu PVC BV, Hilversum, an Ísiltír

— Vynova Belgium NV, Tessenderlo, an Bheilg ([5])

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san Éigipt

— TCI Sanmar Chemicals S.A.E., Port Said

— Egyptian Petrochemical Company, Cathair Alastair

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i Stáit Aontaithe Mheiriceá

— Formosa Plastics Corporation, Livingston, Essex, New Jersey

— Westlake Chemicals, Houston, Texas

Trádálaí neamhchomhlachaithe

— Tricon Dry Chemicals, LLC, Houston, Texas

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(32) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(33) Is é an táirge faoi imscrúdú ná fuaidreán clóiríde polaivinile ('S-PVC'), nach bhfuil measctha le haon substaint eile. Cuimsíonn an táirge lena mbaineann S-PVC amháin, ní chuimsíonn sé clóiríd pholaivinile eibleachta ('E-PVC') ('an táirge faoi imscrúdú').

(34) Is polaiméir theirmeaplaisteach de dhéantús an duine é PVC. Is é Monaiméir Clóirín Vinile an príomh-amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh roisíní PVC a tháirgtear trí imoibriú eitiléine agus clóirín chun déchlóiríd eitiléine a tháirgeadh agus ansin a chlaochlú go Monaiméir Clóirín Vinile trí chraiceáil theirmeach. Déantar S-PVC a tháirgeadh trí theicneolaíocht fuaidreáin.

(35) Is táirge tionsclaíoch é PVC ina fhoirm fuaidreáin (S-PVC) a úsáidtear i raon leathan feidhmeanna, mar shampla i monarú píopaí agus feisteas, scannán agus scragall, múnlaithe insteallta agus múnlaithe séidte.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(36) Is é an táirge lena mbaineann an táirge atá faoi imscrúdú de thionscnamh na hÉigipte agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM') ('na tíortha lena mbaineann'), a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 3904 10 00 (cóid TARIC 3904 10 00 15 agus 3904 10 00 80). ('an táirge lena mbaineann').

2.3. **An táirge comhchosúil**

(37) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann; agus

([5]) Bhí an Coimisiún in ann rochtain a fháil ar shonraí táirgeachta agus airgeadais an táirgeora shampláilte (Vynova Wilhelmshaven GmbH) agus iad a fhíorú in áitreabh a chuideachta comhlachaithe Vynova Belgium NV (fiontraí sa chonradh dola).

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(38) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

3.1. **An Éigipt**

3.1.1. *Comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin*

(39) Mar a leagtar amach in aithrisí (12) agus (13) thuas, tháinig beirt táirgeoirí onnmhairiúcháin ón Éigipt, TCI Sanmar agus EPC, chun cinn san imscrúdú agus chuir siad freagraí ar an gceistneoir ar fáil. Chomhdaigh EPC freagra neamhiomlán ar an gceistneoir le codanna bunriachtanacha in easnamh. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún EPC ar an eolas i litir dar dáta an 16 Eanáir 2024 go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 a chur i bhfeidhm agus a thorthaí a bhunú ar fhíorais a bhí ar fáil maidir leis an bhfaisnéis a bhí in easnamh. Sa litir chéanna, d'iarr sé ar EPC an fhaisnéis a bhí in easnamh a chur isteach. Mar sin féin, theip ar EPC an méid sin a dhéanamh, agus arís tar éis don Choimisiún a iarraidh a athdhearbhú an 6 Feabhra 2024.

(40) Le linn an fhíorúcháin ar an láthair ag áitreabh EPC, a rinneadh ón 3 go dtí an 6 Márta 2024, tháinig an Coimisiún ar ghnéithe breise as ar eascair cur i bhfeidhm Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán.

(41) Ós rud é gur mhainnigh EPC an fhaisnéis riachtanach a chur isteach chun measúnú a dhéanamh ar phraghsanna intíre, ar phraghsanna onnmhairiúcháin agus ar chostas táirgthe, agus i gcomhréir le hAirteagal 18(4) den bhun-Rialachán, trí litir dar dáta an 12 Aibreán 2024, cuireadh EPC ar an eolas faoi na cúiseanna go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil agus tugadh an deis dó mínithe breise a chur ar fáil. Ar chúiseanna rúndachta, is chuig EPC amháin a seoladh na sonraí foluiteacha.

(42) An 17 Aibreán 2024, chuir EPC i gcoinne chur i bhfeidhm Airteagal 18. D'áitigh EPC nach raibh sé ar an eolas faoin gcás frithdhumpála go dtí an 12 Nollaig 2023, gur dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh ar shíneadh a chur leis an sprioc-am ina dhiaidh sin agus, dá bhrí sin, gur cuireadh bac air páirt éifeachtach a ghlacadh sa phróiseas fíorúcháin.

(43) Dúirt EPC freisin gur cheart don Choimisiún (ar a laghad) an fhaisnéis a bhain le praghsanna onnmhairiúcháin a mheas ar mhaithe le dumpáil a chinneadh, toisc gur fhíoraigh foireann an Choimisiúin cruinneas na ndoiciméad riachtanach uile (i ndáil le praghsanna onnmhairiúcháin) le linn an fhíorúcháin ar an láthair.

(44) Thairis sin, mheas EPC gur sholáthair sé lánchomhar laistigh de na cumais a bhí ar fáil dó agus thagair sé d'Airteagal 15 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, ar dá réir nach mór do Chomhaltaí ar tíortha forbartha iad aird ar leith a thabhairt ar staid speisialta Chomhaltaí ar tíortha i mbéal forbartha iad.

(45) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na barúlacha a rinne EPC. Maidir le líomhain EPC nach raibh sé ar an eolas faoin imscrúdú go dtí an 12 Nollaig 2023, meabhraíonn an Coimisiún gur tionscnaíodh an t-imscrúdú reatha an 15 Samhain 2023 trí Fhógra Tionscnaimh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. An lá céanna, thug an Coimisiún fógra do EPC agus do Mhisean Phoblacht Arabach na hÉigipte go díreach maidir le tionscnamh an imscrúdaithe reatha agus d'iarr sé ar EPC páirt a ghlacadh sa phróiseas samplála.

(46) A mhéid a bhaineann le líomhain EPC gur sholáthair sé lánchomhar laistigh de na cumais a bhí ar fáil dó agus lena thagairt d'Airteagal 15 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, thug an Coimisiún dá aire nach féidir le cumais theoranta aon pháirtí údar a thabhairt leis an easpa faisnéise is gá chun corrlach dumpála cruinn a ríomh ná leis an dodhéantacht na sonraí a cuireadh isteach a chros-seiceáil. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún gur ghlac sé go heisceachtúil le rannpháirtíocht EPC san imscrúdú d'ainneoin na bhfíoras nár chomhlánaigh EPC an fhoirm shamplála (féach aithris (13)) agus gur tháinig sé chun cinn ar dtús lasmuigh den sprioc-am rialta chun é sin a dhéanamh.

(47) Dá réir sin, rinne an Coimisiún neamhaird go sealadach ar an bhfaisnéis a sholáthair EPC agus dheimhnigh sé úsáid na bhfíoras a bhí ar fáil i ndáil leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sin ar bhonn Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán.

3.1.2. *Trádálaithe neamhchomhlachaithe*

(48) De réir na faisnéise sa ghearán, rinneadh onnmhairí chuig an Aontas trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe, agus bhí na táirgeoirí onnmhairiúcháin ar an eolas faoi cheann scríbe deiridh na ndíolachán trí na trádálaithe sin. D'iarr an Coimisiún ainmneacha agus sonraí teagmhála na dtrádálaithe sin ar an mbeirt táirgeoirí onnmhairiúcháin agus fuarthas iad. Chomhlánaigh seachtar trádálaithe neamhchomhlachaithe, a d'onnmhairigh le chéile níos mó ná 70 % d'iomlán na n-allmhairí ón Éigipt le linn na tréimhse imscrúdúcháin, an ceistneoir go páirteach ar a laghad. De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, d'athdhíol na trádálaithe sin an táirge lena mbaineann le custaiméirí san Aontas nó le custaiméirí i dtríú tíortha. Níor athdhíol aon cheann acu an táirge lena mbaineann le custaiméirí san Éigipt.

(49) Seachas chun a dheimhniú nár tháinig aon athdhíolacháin de chuid na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe isteach sa mhargadh intíre san Éigipt, ní raibh gá leis an bhfaisnéis a chuir na trádálaithe sin ar fáil chun dumpáil a shuí maidir leis an Éigipt. Léirigh TCI Sanmar ceann scríbe deiridh na n-onnmhairí sin ina dtaifid, go háirithe bunaithe ar na doiciméid loingseoireachta a bhí ar fáil.

3.1.3. *An Gnáthluach*

(50) Mar gheall ar Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le EPC, mar a shonraítear i Roinn 3.1.1 thuas, níor bhain an tuairisc ar ríomh an chorrlaigh dumpála thíos ach amháin leis an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na hÉigipte a bhí fágtha, TCI Sanmar.

(51) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh an méid iomlán díolachán intíre ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann. Ar an mbonn sin, bhí iomlán díolachán an táirge chomhchosúil ar an margadh laistigh den Aontas ionadaíoch.

(52) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a bhí ar díol ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas le díolacháin intíre ionadaíocha.

(53) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin féachaint an raibh na díolacháin intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a dhíoltar lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún go raibh na díolacháin intíre ionadaíoch toisc gurbh é a bhí iontu níos mó ná 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an táirge chomhionainn leis an Aontas.

(54) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(55) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(56) Sa chás sin, is é an gnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(57) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil méid díolachán brabúsach an chineáil táirge comhionann le 80 % nó níos lú den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil sin; nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(58) Léiríodh san anailís ar dhíolacháin intíre, ag brath ar an gcineál táirge, go raibh idir 5 % agus 97 % de dhíolacháin intíre an chineáil táirge faoi seach brabúsach agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, níor ríomhadh an gnáthluach ach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach, i gcás gur chruthaigh na díolacháin intíre 80 % nó níos lú den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil sin.

3.1.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(59) D'onnmhairigh TCI Sanmar chuig an Aontas trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe, a cheannaigh an táirge lena mbaineann ó TCI Sanmar agus a d'athdhíol é le custaiméirí neamhspleácha san Aontas. Mar a tugadh faoi deara thuas in aithris (49), léirigh TCI Sanmar ceann scríbe deiridh na ndíolachán onnmhairiúcháin a rinneadh le trádálaithe neamhchomhlachaithe ina dtaifid.

(60) Ba é an praghas onnmhairiúcháin a suíodh dá bhrí sin an praghas a íocadh go hiarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é leis an trádálaí neamhchomhlachaithe, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.1.5. *Comparáid*

(61) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(62) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir difríochtaí a imríonn tionchar ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(63) Mhaígh TCI Sanmar agus Rialtas na hÉigipte gur cheart, de bhun Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, gnáthluachanna a choigeartú anuas i bhfianaise éifeachtaí géarchéime airgeadra ar gheilleagar na hÉigipte le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chun bunús a thabhairt leis an maíomh, tharraing TCI Sanmar aird ar an treocht sa mhargadh comhthreomhar nó ar mhargadh dubh, mar a thugtar air, inar trádáladh airgeadraí crua amhail Dollar na Stát Aontaithe ('USD') nó an Euro ar rátaí a bhí i bhfad níos airde ná na rátaí malairte oifigiúla a shocraigh Banc Ceannais na hÉigipte, a ndearnadh tuairisc air, mar shampla, i dtuarascáil um Fhaisnéis Mhargaidh a d'eisigh Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe an 19 Meán Fómhair 2023 nó i staidéar a d'fhoilsigh BNP Paribas. Dúirt TCI Sanmar freisin gur íocadh as díolacháin intíre an táirge lena mbaineann i bpuint na hÉigipte ('EGP'). Chun críocha cuntasaíochta, rinneadh na híocaíochtaí sin a chomhshó go USD. Mar gheall ar na rialacha cuntasaíochta is infheidhme, b'éigean na comhshónna sin a bhunú ar Ráta Bhanc Ceannais na hÉigipte.

(64) An 22 Márta 2024, d'athdhearbhaigh TCI Sanmar a maíomh agus dúirt siad freisin go raibh comhaontú tábhachtach bainte amach ag an Éigipt leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ('CAI') ar fiú USD 8 mbilliún é. Ba phríomhchoinníoll den chomhaontú é, ó thaobh CAI de, gur cheadaigh Banc Ceannais na hÉigipte d'fhórsaí an mhargaidh luach EGP a shocrú chun deireadh a chur leis an éagsúlacht idir an ráta malairte oifigiúil agus ráta an mhargaidh chomhthreomhair, mar a thugtar air. Tar éis do Bhanc Ceannais na hÉigipte an coinníoll sin a chomhaontú, d'athraigh an ráta malairte oifigiúil ó thart ar 31 EGP – 1 USD (an 5 Márta 2024) go thart ar 49 EGP – 1 USD (an 6 Márta 2024) (titim luacha thart ar 60 %).

(65) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh tosaigh agus don mhaíomh athdhearbhaithe. Ní fhéadfadh aon cheann de na páirtithe éilimh bunús a thabhairt leis na maímh, go háirithe toisc nach raibh aon rátaí stairiúla taifeadta de mhargadh dubh ná de mhargadh comhthreomhar. Ina theannta sin, forordaíodh le beartas cuntasaíochta TCI Sanmar rátaí oifigiúla a shocraigh Banc Ceannais na hÉigipte a úsáid agus dá bhrí sin deimhníodh tuairim an Choimisiúin na rátaí sin a úsáid.

(66) Sa bhreis ar an maíomh athdhearbhaithe, shoiléirigh an Coimisiún nach bhféadfaí teagmhais tar éis na tréimhse imscrúdúcháin a chur san áireamh de ghnáth ar mhaithe le dumpáil a chinneadh. Agus comparáid á déanamh idir praghsanna onnmhairiúcháin agus praghsanna intíre, ní mór don Choimisiún brath ar rátaí malairte oifigiúla amháin. Ní féidir glacadh le hathrú suntasach ar ráta malairte, mar a tharla an 6 Márta 2024, mar fhianaise ex post a chuireann in iúl, maidir le ráta malairte atá athraithe chomh suntasach sin, gur léiriú an méid sin gur cheart é a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhse roimhe seo, an tréimhse imscrúdúcháin sa chás seo.

(67) D'éiligh TCI Sanmar liúntas costais creidmheasa freisin. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus mheas sé gur éiligh na fíorais a d'agair TCI Sanmar coigeartú anuas ar an bpraghas onnmhairiúcháin in ionad an choigeartaithe aníos arna éileamh ag TCI Sanmar. Ar chúiseanna rúndachta, is chuig TCI Sanmar amháin a seoladh sonraí breise.

(68) Dealaíodh coigeartuithe i ndáil le lasta, árachas, láimhseáil, costais chreidmheasa, táillí bainc agus costais phacála ó phraghsanna díolachán intíre agus/nó onnmhairiúcháin i gcás ina ndearnadh tuairisciú orthu agus inar suíodh go raibh údar cuí leo.

3.1.6. *Corrlaigh dhumpála*

(69) Ar an mbonn sin, is é 86,1 % an meánchorrlach dumpála ualaithe sealadach arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha.

(70) Mar a míníodh in aithrisí (39) go (47) roimhe seo, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, maidir le EPC, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil. I ndáil leis sin, chinn an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála le haghaidh EPC a shuí bunaithe ar dhíolacháin ionadaíocha an chineáil táirge is ionadaíche arna dhíol ag TCI Sanmar leis an Aontas. B'ionann an cineál táirge sin agus níos mó ná 90 % de na honnmhairí go léir a rinne TCI Sanmar chuig an Aontas agus in éagmais comhair mheas an Coimisiún gur léirigh an mhodheolaíocht sin go hiomchuí acmhainneacht na cuideachta maidir le hiompraíocht dhumpála, agus an comhthéacs nós imeachta inar tharla an neamh-chomhar sin agus an fhianaise ábhartha ar comhad á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, is 109,5 % a bhí sa chorrlach dumpála arna ríomh agus cuireadh i bhfeidhm é maidir le EPC.

(71) Tháinig gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta chun cinn san imscrúdú seo. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shuí le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici, eadhon EPC.

(72) Tá na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CIF ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
TCI Sanmar Chemicals S.A.E.	86,1 %
Egyptian Petrochemical Company	109,5 %
Gach cuideachta eile	109,5 %

3.2. **Stáit Aontaithe Mheiriceá**

3.2.1. *Trádálaithe neamhchomhlachaithe*

(73) Amhail i gcás na hÉigipte (féach aithris (48)), d'iarr an Coimisiún ar an mbeirt táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ainmneacha agus sonraí teagmhála na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe trína ndearnadh, de réir na faisnéise sa ghearán, cuid mhaith dá ndíolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas a threorú agus fuarthas an t-eolas sin. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na trádálaithe go díreach agus trí na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus d'iarr sé orthu ceistneoir sonrach a líonadh isteach arna cheapadh chun ceann scríbe deiridh dhíolacháin Formosa agus Westlake PVC a shuí. Chuir naonúr trádálaithe neamhghaolmhara freagra páirteach nó iomlán ar an gceistneoir sin faoi bhráid an Choimisiúin. Ní raibh ach méid teoranta de dhíolacháin an Aontais ag na páirtithe sampláilte á chumhdach ag an bhfaisnéis sin. Mar sin féin, fuair na páirtithe sampláilte féin faisnéis bhreise óna dtrádálaithe neamhchomhlachaithe, rud a chuir ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar cheann scríbe deiridh mhéideanna díolachán onnmhairiúcháin uile Formosa agus 98,5 % de mhéideanna díolachán onnmhairiúcháin Westlake. Úsáideadh gach díolachán onnmhairiúcháin a bhféadfaí ceann scríbe an Aontais a dheimhniú ina leith i ríomh na dumpála.

3.2.2. *An Gnáthluach*

(74) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh an méid iomlán díolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(75) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(76) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún go raibh na díolacháin intíre arna ndéanamh ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ionadaíoch toisc gurbh ionann iad agus níos mó ná 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an táirge chomhionainn leis an Aontas.

(77) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(78) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(79) Sa chás sin, is é an gnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(80) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil méid díolachán brabúsach an chineáil táirge comhionann le 80 % nó níos lú den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil sin; nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(81) Léiríodh san anailís ar dhíolacháin intíre go raibh níos lú ná 80 % dá ndíolacháin intíre uile brabúsach i gcás na beirte táirgeoirí onnmhairiúcháin, cé is moite de dhá chineál táirge de chuid Westlake. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin i leith na ndíolachán sin. I gcás an dá chineál táirge ag an táirgeoir onnmhairiúcháin dá raibh níos mó ná 80 % de na díolacháin intíre brabúsach, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.2.3. *An praghas onnmhairiúcháin*

(82) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó, mar a míníodh in aithris (73), trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe in SAM.

(83) Maidir leis na díolacháin dhíreacha chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán. Maidir leis na díolacháin indíreacha trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe in SAM, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar díoladh an táirge lena mbaineann leis na trádálaithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(84) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(85) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir difríochtaí a imríonn tionchar ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe maidir le hiompar, costais chreidmheasa, pacáil, lascainí agus láimhseáil agus luchtú nuair is infheidhme.

3.2.4. *Corrlaigh dhumpála*

(86) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(87) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Formosa Plastics Corporation	70,3 %
Westlake Chemicals	58,0 %

(88) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún meánchorrlach dumpála ualaithe na bpáirtithe sampláilte, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán.

(89) Ar an mbonn sin, is é 63.7 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(90) Chun an mhodheolaíocht a chinneadh i ndáil leis an gcorrlach dumpála iarmharach a ríomh, i.e. an corrlach is infheidhme maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile in SAM nár tháinig chun cinn le linn an imscrúdaithe, rinne an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a mheas ar dtús. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn staitisticí ó Comext. Tá an ceathrar táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha i gceannas ar 76.5 % ([6]) d'onnmhairí ó SAM chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil leibhéal an chomhair íseal sa chás seo. Dá thoradh sin, maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i Stáit Aontaithe Mheiriceá, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chinn an Coimisiún an corrlach dumpála iarmharach a shuí ar leibhéal na dumpála a fuarthas le haghaidh an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte a bhfuil an meánchorrlach dumpála ualaithe is airde aige ar an gcineál táirge is ionadaíche.

(91) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

([6]) Agus an ionadaíocht á ríomh, rinne an Coimisiún comparáid idir díolacháin an Aontais den táirge lena mbaineann arna dtuairisciú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha SAM agus staitisticí allmhairiúcháin Eurostat, arna gcoigeartú go cuí trí E-PVC a eisiamh.

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Formosa Plastics Corporation	70,3 %
Westlake Chemicals	58,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	62,1 %
Gach cuideachta eile	77,0 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(92) Rinne dháréag táirgeoirí san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán. Is iad trí tháirgeoir an Aontais na gearánaigh.

(93) Suíodh gurbh ionann táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus 3 842 081 tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an freagra ar an macraicheistneoir, faisnéis a bailíodh le linn cuairteanna fíorúcháin ar tháirgeoirí sampláilte, ceistneoirí a chuir táirgeoirí comhoibríocha eile isteach agus staitisticí oifigiúla Eurostat. Mar a léirítear in aithris 9, is ó thrí tháirgeoir sampláilte an Aontais a tháinig 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh**

(94) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a shuí, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, na comhaontuithe dolaphróiseála agus gníomhaíochtaí réamhtheachtacha a bhí ann maidir le táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(95) Chinn an Coimisiún go n-oibríonn beirt as an triúr táirgeoirí sa sampla faoi chomhaontuithe dolaphróiseála. Faoi gach comhaontú dolaphróiseála, ba é a bhí san fhiontraí eintiteas eile den ghrúpa a bhí freagrach as na hábhair ionchuir a fháil agus as an táirge comhchosúil táirgthe a dhíol agus íocadh luach saothair leis an táirgeoir sampláilte trí tháille dholaphróiseála. Dá bhrí sin, níor leor an fhaisnéis airgeadais ó bheirt táirgeoirí shampláilte chun an anailís díobhála a dhéanamh toisc go mbeadh na torthaí airgeadais cobhsaí go leor ó thaobh an táille dholaphróiseála a léiriú ach ní ó thaobh torthaí eacnamaíocha na bhfiontraithe a léiriú. Dá bhrí sin, i gcás na beirte táirgeoirí shampláilte sin, fuair an Coimisiún rochtain ar thaifid na bhfiontraithe agus ar fhaisnéis faoi na heochracha leithdháilte ionas go bhféadfadh sé toradh airgeadais iomlán tháirgeadh an táirge chomhchosúil sna láithreáin shampláilte a fhíorú. Chiallaigh sé sin go raibh an Coimisiún in ann na torthaí airgeadais a fuair na fiontraithe ó mhonarú PVC sna láithreáin shampláilte ag na dolaitheoirí a fhíorú.

(96) Is polaiméir theirmeaplaisteach de dhéantús an duine é S-PVC a eascraíonn as polaiméiriú clóiríde vinile. Is é Monaiméir Clóirín Vinile (VCM) an príomh-amhábhar agus déantar é a tháirgeadh trí dhéchlóiríd eitiléine (EDC) a chraiceáil go teirmeach, táirge a dhéantar trí chlóiríniú díreach eitiléine nó ocsaclóiríniú díreach eitiléine. Ceannaíonn ceann de na táirgeoirí sampláilte eitiléin, clóirín agus/nó EDC ó sholáthraithe tríú páirtí. I gcás na beirte táirgeoirí shampláilte eile, féadfaidh a bhfiontraithe faoi seach EDC a fháil ar an margadh freisin (agus déantar é sin go rialta) ach tá sé d'acmhainn ag a ngrúpaí EDC a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as clóirín arna tháirgeadh ag eintiteas comhpháirteach i gcás ina bhfuil leas 50 % ag gach grúpa. Ceannaítear clóirín ar phraghas aistrithe a d'fhan cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus a ionchorpraítear i samhail trádála arna glacadh ag údaráis chánach éagsúla laistigh den Aontas mar shamhail de phraghas ar neamhthuilleamaí.

(97) Fuair an Coimisiún barúlacha ó Westlake ag áitiú go gcuirfí an gnó sóide loiscní gaolmhar san áireamh san anailís díobhála. Déantar sóid loiscneach agus clóirín a tháirgeadh trí leictrealú salainn. Úsáidtear sóid loiscneach go forleathan sa tionscal ceimiceach mar ábhar bunúsach. Dúirt na gearánaigh gur comhtháirge de tháirgeadh clóirín í sóid loiscneach, dhá rud a tháirgtear i gcainníochtaí dlútha le linn an phróisis Chlór-Alcaile ([7]), agus iad ag conspóid gur féidir sóid loiscneach a mheas mar chomhtháirge nó mar sheachtháirge PVC. Thug an Coimisiún dá aire, a mhéid nach bhfuil gach táirgeoir PVC ag gabháil do tháirgeadh clóirín, gur táscaire an-láidir é sin nach mór an dá thionscal, cé go bhfuil baint acu araon leis an bpróiseas clór-alcaile, a mheas mar thionscail deighilte ([8]).

(98) Mhaígh Westlake freisin go bhfuil trí dheighleog táirgí éagsúla sa mhargadh S-PVC ('tráchtearra', 'sínteoir' agus 'speisialtacht') agus nach ndearna an t-imscrúdú idirdhealú ceart eatarthu. Líomhain Westlake gur aithin an Coimisiún na trí dheighleog roimhe seo i gcomhthéacs cúrsaí iomaíochta. Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh an doiciméad a luaigh Westlake go raibh an speisialtacht agus an sínteoir ina margaí nideoige ([9]). Óna dtaobh féin de, d'áitigh na gearánaigh go bhfuil na buntréithe ceimiceacha céanna ag S-PVC tráchtearra, sínteora agus speisialtachta agus nach bhfuil iontu ach cineálacha táirgí agus go raibh na hUimhreacha Rialaithe Táirge (PCN) a mhol an Coimisiún beacht go leor chun difríochtaí a dhéanann difear d'inchomparáideacht praghsanna nó do chinneadh díobhála agus cúisíochta a chur san áireamh. Mhaígh na gearánaigh freisin nár chuir Westlake fianaise ar fáil gur dhócha go mbeadh baint ag deighleog mheasta amháin nó níos mó ná sin leis na hallmhairí dumpáilte, nár cuireadh aon fhianaise ar fáil a chruthaíonn nach féidir aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí praghais leis an struchtúr PCN agus nach raibh aon fhianaise ann nach bhfuil na táirgí inmhalartaithe. Thug an Coimisiún dá aire go dtáirgeann táirgeoirí sampláilte an Aontais an S-PVC ilchuspóireach is coitianta (dá dtagraítear mar thráchtearra ag Westlake), gurbh é príomhdheitéarmanant úsáide S-PVC a K-luach ([10]); agus chuirfí an tráchtearra ar a dtugtar S-PVC san áireamh sa scrúdú faoi PCNs B agus C. I ndáil leis sin, chinn an Coimisiún gur aicmiú nó téarma tráchtála é an téarma 'speisialtacht' níos mó seachas caighdeán tionscail (mar d'fhéadfadh sé go dtabharfadh táirgeoir amháin 'speisialtacht' ar tháirge a mheasfadh táirgeoir eile gur 'tráchtearra' é).

(99) Thug an Coimisiún dá aire gur miondifríochtaí iad na difríochtaí sa phróiseas táirgthe mar is léir ón bhfíoras gur féidir le táirgeoir sampláilte amháin na línte céanna a úsáid chun roinnt S-PVC speisialtachta a tháirgeadh ([11]). Thug an Coimisiún dá aire, cé gurbh eol do Westlake nár oibrigh trí tháirgeoir sampláilte an Aontais sna trí dheighleog líomhnaithe, nár thug sé aon bharúil maidir leis an sampla de chuid an Aontais a bhí beartaithe. Thairis sin, níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise ar ábharthacht na ndeighleog líomhnaithe maidir le praghsanna, costais nó deighilt an mhargaidh nach raibh gafa ag an struchtúr PCN. Dá bhrí sin, díbheadh an maíomh a rinne Westlake maidir le trí dheighleog a bheith ann.

([7]) Is próiseas tionsclaíoch é an próiseas clór-alcaile chun tuaslagáin clóiríde sóidiam (NaCl) a leictrealú. Tagraíonn sé don teicneolaíocht a úsáidtear chun clóirín agus hiodrocsaíd sóidiam (sóid loiscneach) a tháirgeadh, ar ceimiceáin tráchtearraí bunúsacha iad araon arna n-éileamh ag an tionscal.

([8]) Ar na hargóintí a chuir na gearánaithe isteach cuireadh cúig chúis san áireamh: (i) freastalaíonn PVC agus sóid loiscneach ar mhargaí éagsúla leithleacha, (ii) níl gach táirgeoir PVC comhtháite ná ní bhíonn siad ag táirgeadh sóid loiscneach, (iii) ní tháirgtear PVC agus sóid loiscneach sa phróiseas táirgthe céanna, (iv) is comhtháirgí de leictrealú salainn iad clóirín agus sóid loiscneach, agus (v) bheadh sé dodhéanta a fháil amach cé acu ceann den dá thionscal a tháirgeann an táirge príomhúil agus cén tionscal a tháirgeann an 'seachtháirge' tánaisteach.

([9]) Cás M.6905 – INEOS/Solvay/JV atá ar fáil ag an nasc (https://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/decisions/m6905_8118_2.pdf)

([10]) Is táscaire é an K-luach ar mheáchan móilíneach agus ar mhéid an pholaiméirithe agus roghnaigh an Coimisiún ceithre PCN éagsúla bunaithe ar K-luach, ag leathnú na dtrí struchtúr PCN a bhí beartaithe sa ghearán. Níor tháirg ach táirgeoir sampláilte amháin de chuid an Aontais cion beag de S-PVC speisialtachta ag úsáid na línte céanna a tháirg S-PVC ilchuspóireach. D'úsáid an táirgeoir sin an téarma S-PVC speisialtachta nuair a bhí an táirge curtha in oiriúint do riachtanais shonracha an úsáideora (e.g., trí bhreiseáin a chur leis, dath a chur leis...).

([11]) Luaitear sa tuarascáil le haghaidh Chás M.6905 'Go deimhin, is féidir S-PVC sínteora a tháirgeadh ar línte táirgthe a úsáidtear chun S-PVC speisialtachta nó S-PVC tráchtearra a tháirgeadh, fad is atá aonad triomúcháin iomchuí ann. Is amhlaidh sin toisc go bhfuil cáithníní S-PVC sínteora i bhfad níos lú ná cáithníní S-PVC tráchtearra agus, dá bhrí sin, tá trealamh triomaithe níos sofaisticiúla de dhíth. Is féidir S-PVC speisialtachta a tháirgeadh freisin ar línte táirgthe a úsáidtear de ghnáth le haghaidh S-PVC tráchtearraí nó S-PVC sínteora a tháirgeadh, fad is atá línte insteallta comh-mhonaiméire agus aonaid aisghabhála mhonaiméire iomchuí i bhfeidhm.'

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(100) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas:

— díolacháin fhíoraithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais;

— díolacháin táirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte PVC de chuid an Aontais, a fuarthas ó na gearánaigh;

— díolacháin táirgeoirí PVC eile de chuid an Aontais, a fuarthas in aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin;

— díolacháin an chuid eile de tháirgeoirí PVC an Aontais arna n-eachtarshuí ar bhonn a gcion de tháirgeacht PVC san Aontas sna sonraí staitisticí oifigiúla deireanacha (PRODCOM);

— allmhairí PVC isteach san Aontas arna dtaifeadadh i mbunachar sonraí Comext Eurostat.

(101) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	3 952 433	4 452 620	3 636 723	3 223 419
Innéacs	*100*	*113*	*92*	*82*

Foinse: Tionscal an Aontais, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, táirgeoirí eile de chuid an Aontais, Eurostat

(102) Suíodh tomhaltas an táirge chomhchosúil san Aontas trí fhaisnéis maidir le díolacháin an Aontais ó tháirgeoirí de chuid an Aontais (mar a thuairiscítear in aithris (100)) a chomhcheangal le sonraí allmhairiúcháin ó Eurostat. Ós rud é nach n-áirítear sa táirge faoi imscrúdú ach S-PVC, measadh gur 96 % de na hallmhairí faoi chód AC 3904 10 00 a bhí sna hallmhairí S-PVC, agus gur allmhairí E-PVC a bhí sa chuid eile. Rinneadh roinnt na n-allmhairí faoi chód AC 3904 10 00 idir an dá chineál PVC bunaithe ar an bhfaisnéis mhargaidh a áiríodh sa ghearán.

(103) Tá treocht anuas ag tomhaltas iomlán an Aontais ó 2021, bliain a bhain tairbhe as téarnamh láidir tar éis phaindéim COVID-19. Ó 2020 i leith, tá laghdú 18 % tagtha ar thomhaltas iomlán an Aontais mar gheall ar chrapadh reatha san earnáil tógála san Aontas.

4.4. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.4.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(104) Scrúdaigh an Coimisiún ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí S-PVC de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(105) Bhí an corrlach dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí ón Éigipt agus ó SAM os cionn na tairsí de minimis a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán. Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. Ba iad 1,92 % agus 8,30 % faoi seach na sciartha den mhargadh sa tréimhse imscrúdúcháin.

(106) Ba chosúil le chéile dálaí na hiomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ón Éigipt agus ó SAM agus idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil. Go sonrach, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht lena chéile agus leis an S-PVC a tháirgtear san Aontas toisc go bhfuil rochtain ag úsáideoirí tionsclaíocha ar fhoirne díolacháin tháirgeoirí agus thrádálaithe araon de chuid an Aontais ar bhealach comhchosúil agus go bhfreastalaíonn siad araon ar chatagóirí custaiméirí comhchosúla.

(107) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ón Éigipt agus ó SAM go carnach chun críocha an díobháil a chinneadh.

4.4.2. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(108) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sciar den mhargadh i ndáil leis na hallmhairí ar bhonn na staitisticí a bhí ar fáil de réir táirge agus meastachán á dhéanamh ar thomhaltas le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn na sonraí is déanaí a bhí ar fáil (2022).

(109) Allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 2

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
AN ÉIGIPT				
Méid na n-allmhairí	7 252	24 566	44 562	62 004
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*339*	*614*	*855*
Sciar den mhargadh	0,18 %	0,55 %	1,23 %	1,92 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*300*	*668*	*1 048*
STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ (SAM)				
Méid na n-allmhairí	33 737	41 430	127 713	267 390
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*123*	*379*	*793*
Sciar den mhargadh SAM	0,85 %	0,93 %	3,51 %	8,30 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*109*	*411*	*972*
TÍORTHA LENA mBAINEANN				
Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann	40 989	65 996	172 275	329 394
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*161*	*420*	*804*
Sciar den mhargadh tíortha lena mbaineann	1,04 %	1,48 %	4,74 %	10,22 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*143*	*457*	*985*

Foinse: Eurostat.

(110) I ndearbhthéarmaí, tháinig méadú 288 405 thona ar na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ag an am céanna, tháinig méadú 9,18 bpointe céatadáin ar an sciar iomlán den mhargadh a bhí ag allmhairí na dtíortha lena mbaineann (le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí allmhairí ocht n-oiread níos airde ná mar a bhí in 2020). Tháinig méadú 54 750 tona ar allmhairí ón Éigipt le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus shroich siad sciar 1,92 % den mhargadh. Tháinig méadú 233 653 thona ar allmhairí SAM le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus shroich siad sciar 8,30 % den mhargadh. Shroich allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sciar 10,22 % den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.3. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais/díchur praghsanna*

(111) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn phraghsanna CAL a fuarthas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte (féach aithrisí (69) agus (87)).

(112) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 3

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
AN ÉIGIPT				
Meánphraghas	688	1 449	1 353	926
Innéacs	*100*	*211*	*197*	*135*
STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ (SAM)				
Meánphraghas	821	1 525	1 405	903
Innéacs	*100*	*186*	*171*	*110*
NA TÍORTHA FAOI BHREATHNÚ				
Meánphraghas Ualaithe	798	1 497	1 392	907
Innéacs	*100*	*188*	*174*	*114*

Foinse: Eurostat.

(113) Tháinig méadú mór ar mheánphraghas na n-allmhairí ón Éigipt in 2021, ag sroicheadh 1 449 EUR/tona (ó 668 EUR/tona in 2020) agus ansin tháinig laghdú beag go 1 353 EUR/tona in 2022 agus go 926 EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Lean treocht comhchosúil le meánphraghas na n-allmhairí ó SAM le méadú mór in 2021, ag sroicheadh 1 525 EUR/tona (ó 821 EUR/tona in 2020) agus ansin laghdaigh sé de réir a chéile go 1 405 EUR/tona in 2022 agus go 903 EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(114) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 14 % ar mheánphraghas in aghaidh an aonaid na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. In 2020 agus 2021, rinneadh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann a phraghsáil os cionn phraghsanna díola breathnaithe an Aontais de chuid na dtáirgeoirí sampláilte (16 % agus 27 % faoi seach), mar a léirítear i dTáblaí 3 agus 7. In 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, áfach, bhí praghsanna allmhairiúcháin thart ar 11 % agus 20 % ní b'ísle i gcomparáid le praghsanna an Aontais.

(115) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

— na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge tháirgeoirí sampláilte an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

— na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn CAL, mar aon le coigeartuithe iomchuí i leith dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(116) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas hipitéiseach tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 2 % agus 35 % le haghaidh tháirgeoirí na hÉigipte, meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 30 % agus 35 % le haghaidh tháirgeoirí SAM agus meánchorrlach sladghearradh ualaithe carnach idir 27 % agus 33 % le haghaidh na dtáirgeoirí sampláilte in SAM agus san Éigipt le chéile.

(117) Ar aon chaoi, gan beann ar na torthaí maidir le sladghearradh, thug an Coimisiún faoi deara go mbíonn díchur suntasach praghsanna mar thoradh ar na hallmhairí dumpáilte freisin (mar a léirítear leis na corrlaigh ghearrdhíola) le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a dhíol tionscal an Aontais faoi bhun a chostais táirgthe.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(118) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(119) Mar a luaitear in aithris (9), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(120) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa mhacraicheistneoir a chuir na gearánaigh isteach, sonraí a nuashonraigh an Coimisiún le faisnéis arna soláthar ag táirgeoirí eile, faisnéis a fuarthas le linn na gcuairteanna fíorúcháin agus sonraí Eurostat. Rinneadh na sonraí don chuid eile de tháirgeoirí an Aontais a mheas ar bhonn faisnéis mhargaidh agus staitisticí eile Eurostat de réir faisnéise faoin táirge mar a luaitear in aithris (100). Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug táirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(121) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(122) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: meánphraghsanna in aghaidh an aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí, agus cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(123) Déantar táirgeacht iomlán an Aontais a mheas ar bhonn sonraí Eurostat maidir leis an táirge comhchosúil (cód Prodcom 2016.30.10). Foilsíonn Eurostat staitisticí Prodcom gach bliain agus is é an figiúr deireanach atá ar fáil ná do 2022. Suíodh táirgeacht thionscal an Aontais le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin trí tháirgeacht na láithreán uile san Aontas de chuid na ngearánach agus na dtáirgeoirí eile a chuir faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún a chur le chéile, agus trí ghlacadh leis an ualú coibhneasta céanna leis an ualú coibhneasta a breathnaíodh in 2022 don chuid eile.

(124) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	4 953 948	4 976 725	4 125 375	3 842 081
Innéacs	*100*	*100*	*83*	*78*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	5 455 000	5 455 000	5 555 000	5 555 000
Innéacs	*100*	*100*	*102*	*102*
Úsáid acmhainneachta	91 %	91 %	74 %	69 %
Innéacs	*100*	*100*	*82*	*76*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, táirgeoirí eile de chuid an Aontais, Eurostat, faisnéis mhargaidh faoi acmhainneacht táirgeoirí eile

(125) Tá treocht anuas ag baint le táirgeadh an táirge chomhchosúil san Aontas ag eascairt as tionchar eacnamaíoch boilscithe agus rátaí úis níos airde, a rinne difear suntasach don earnáil tógála, arb í príomhchustaiméir an táirge chomhchosúil í.

(126) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta measartha cobhsaí. Tógann sé tamall fada méaduithe acmhainneachta sa tionscal ceimiceán a phleanáil agus a fhorghníomhú mar gheall ar ábhair imní comhshaoil agus sábháilteachta. Is é táirgeoir sampláilte amháin is cúis den chuid is mó leis an méadú a breathnaíodh in 2022 agus eascraíonn sé as atheagrú ar thóir éifeachtúlacht níos fearr. Dúnadh láithreán táirgthe san Aontas roimh 2020 agus aistríodh ceann de na trí líne táirgthe a dúnadh chuig láithreán a bhí fágtha. Mar gheall ar na bearnaí ama idir dúnadh an láithreáin agus suiteáil na líne nua, léiríonn an treocht méadú acmhainneachta cé gur laghdaigh an táirgeoir sampláilte a acmhainneacht san fhadtéarma.

(127) D'fhan úsáid acmhainneachta cobhsaí in 2020 agus 2021 agus léirigh sí treocht anuas ó 2022. Tá an ráta úsáide acmhainneachta 69 % íseal i gcás próisis cheimiceacha toisc go mbaineann rioscaí suntasacha le haon úsáid atá thart ar 50 % in aghaidh na líne ó thaobh meath sócmhainní agus sábháilteachta de. Ní cheaptar na línte táirgthe, san Aontas ná sna tíortha lena mbaineann, chun go mbeidh luainiú ina sreafaí táirgthe, agus bíonn bacainní roimh tháirgeoirí maidir le líne a dhúnadh agus a atosú chun freastal ar an éileamh. Fuair an Coimisiún meastacháin gur dócha nach mbeadh sé inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de líne a dhúnadh ar feadh níos lú ná sé mhí agus léiríonn an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19 nárbh fhéidir línte ceimiceacha a dhúnadh fiú nuair a bhí éileamh íseal ar an táirge lena mbaineann.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(128) Suíodh díolacháin thionscal an Aontais trí úsáid a bhaint as modheolaíocht atá comhchosúil leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm ar na sonraí táirgthe. Meastar na díolacháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag cur san áireamh na sonraí a bhfuil ar eolas ó na gearánaigh agus ó tháirgeoirí eile a chuir faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún agus ag cur san áireamh ionadaíochas an fhoghrúpa sin i dtéarmaí táirgeachta. Tá sé de bhuntáiste ag an gcur chuige sin go leantar an prionsabal céanna ach fágtar ar lár tionchar na n-athruithe a d'fhéadfadh teacht ar mhéideanna stoic. Ós rud é go bhfuil leibhéil stoic measartha íseal ag tionscal an Aontais (thart ar 2-3 seachtaine), mheas an Coimisiún gur toimhde réasúnta é sin.

(129) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	3 593 662	3 981 285	3 120 959	2 571 820
Innéacs	*100*	*111*	*87*	*72*
Sciar den mhargadh	91 %	89 %	86 %	80 %
Innéacs	*100*	*98*	*94*	*88*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, táirgeoirí eile de chuid an Aontais, Eurostat.

(130) Bhí éagsúlacht shuntasach sa mhéid díolachán ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar thionchair chomhleanúnacha i ndáil leis an bpaindéim, an téarnamh eacnamaíoch láidir, agus teacht chun cinn géarchéime fuinnimh in 2022. Sa chomhthéacs sin, soláthraítear patrún níos soiléire leis an anailís ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais. Tá an treocht dhíobhálach fhoriomlán sa sciar den mhargadh sofheicthe in 2022 nuair a chaill tionscal an Aontais sciar suntasach den mhargadh, ag déanamh aithrise ar an sciar a cailleadh an bhliain roimhe sin (laghdú 2 phointe ar an innéacs in 2021 agus laghdú 4 phointe in 2022) agus ag dul in olcas le linn na tréimhse imscrúdúcháin (laghdú 6 phointe ar an innéacs). Ar an iomlán, tháinig laghdú 12 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(131) Mhéadaigh caillteanas an sciar den mhargadh i margadh lag tionchar allmhairí an táirge chomhchosúil ó na tíortha lena mbaineann, a ghnóthaigh sciar den mhargadh mar a thuairiscítear in aithris (110).

(132) Fuair an Coimisiún barúlacha ó úsáideoirí agus ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin inar tugadh le fios gur léiriú é caillteanas an sciar den mhargadh ag tionscal an Aontais ar a chaillteanas iomaíochais agus ar aird neamh-leordhóthanach ar riachtanais na gcustaiméirí. Chinn an Coimisiún nach raibh an méadú céanna ar an sciar den mhargadh ag na hallmhairí ó thíortha eile seachas na tíortha lena mbaineann, rud a thugann le fios, de réir dealraimh, nach bhféadfadh an caillteanas iomaíochais a bheith ann ach i leith táirgeoirí an táirge chomhchosúil atá lonnaithe sna tíortha lena mbaineann agus go raibh sé mar chuid dá imscrúdú chun scrúdú a dhéanamh ar eascair sé as cleachtais éagóracha trádála. A mhéid a bhaineann le riachtanais custaiméirí, thug an Coimisiún dá aire go raibh úsáideoirí ag brath ar cheannacháin an táirge chomhchosúil ó tháirgeoirí an Aontais agus ó tháirgeoirí ó na tíortha lena mbaineann araon, rud atá ina léiriú láidir go leanann tionscal an Aontais de bheith ag freastal ar a chustaiméirí ar bhealach comhchosúil agus inchomparáide.

4.5.2.3. Fás

(133) Tháinig laghdú 18 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fad is a tháinig laghdú 28 % ar mhéid díolachán thionscal de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais. Mar sin féin, bhí an tomhaltas an-luaineach, agus tháinig méadú géar air in 2021, mar thoradh ar an téarnamh láidir eacnamaíoch tar éis na paindéime san Aontas, arb é a bhí ann 11 % de mhéideanna; agus laghdú beag *vis a vis* 2020 in 2022 nuair a shocraigh an staid eacnamaíoch go raibh úsáideoirí agus tomhaltóirí i mbun a ngnáthiompraíocht eacnamaíoch arís agus nuair a bhí tomhaltas 13 % níos lú ná mar a bhí in 2020. Mar thoradh air sin, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh, contrártha le sciar margaidh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar tháinig méadú 885 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag sroicheadh 10,22 % sa tréimhse imscrúdúcháin (ó 1,04 % in 2020).

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(134) Suíodh an líon fostaithe i dtionscal an Aontais trí úsáid a bhaint as modheolaíocht atá comhchosúil leis an gceann a cuireadh i bhfeidhm maidir le sonraí táirgeachta agus díolacháin. Suíodh na sonraí maidir le fostaíocht agus táirgiúlacht ar bhonn na faisnéise a chuir na gearánaigh ar fáil, freagairtí ó tháirgeoirí eile de chuid an Aontais agus measatacháin bunaithe ar shonraí Eurostat.

(135) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	4 135	4 068	3 975	4 014
Innéacs	*100*	*98*	*96*	*97*
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	1 198	1 223	1 038	957
Innéacs	*100*	*102*	*87*	*80*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, táirgeoirí eile de chuid an Aontais, Eurostat

(136) D'fhan an líon fostaithe measartha cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-3 %). Tá sé sin comhsheasmhach le hacmhainneacht táirgeachta chobhsaí toisc nach luainíonn an líon fostaithe is gá chun na gléasraí a oibriú i gcomhréir leis an ráta úsáide acmhainneachta. Ar an gcaoi chéanna, tá na gléasraí ceaptha chun oibriú go lánaimseartha i bpatrúin seala oibre, agus níl solúbthacht ag táirgeoirí níos lú laethanta in aghaidh na seachtaine a oibriú chun an táirgeadh a oiriúnú don éileamh.

(137) Bhain téarma diúltach díobhálach le táirgiúlacht in aghaidh an fhostaí in 2022 agus chuaigh sé sin in olcas a thuilleadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhthéacs dolúbthachta i dtéarmaí líon na bhfostaithe, d'eascair comhthéacs táirgiúlachta ísil as na leibhéil ísle díolacháin agus as na leibhéil ísle táirgthe dá réir. Ar an iomlán, tháinig laghdú 20 % ar an táirgiúlacht i dtonaí in aghaidh an fhostaí.

(138) Mar is gnách sa tionscal ceimiceach, is fearr táirgiúlacht in aghaidh an fhostaí a léiriú de réir cainníochtaí a tháirgtear in aghaidh an fhostaí. Fuair an Coimisiún barúlacha ó tháirgeoir atá lonnaithe in SAM inar tugadh le fios gur cheart an táirgiúlacht a léiriú i luach in aghaidh an fhostaí. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an cóimheas atá beartaithe neamhghnách i gcomhthéacs luaineacht praghsanna arna cruthú mar thoradh ar chomhchaitéiniú na paindéime COVID, an téarnaimh láidir agus na géarchéime fuinnimh. Sholáthródh an cóimheas atá beartaithe tomhas táirgiúlachta a cheilfeadh an réaltacht trí mhéideanna agus praghsanna a mheascadh agus a chuirfeadh bac ar an anailís chun a chinneadh an bhfuil díobháil á déanamh do tháirgeoirí an Aontais. Dhíbh an Coimisiún an moladh dá bhrí sin.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(139) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(140) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil a tharla roimhe seo.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(141) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Praghsanna díola san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	690	1 177	1 566	1 134
Innéacs	*100*	*170*	*227*	*164*
Costas aonaid na táirgeachta (EUR/tona)	677	967	1 354	1 162
Innéacs	*100*	*143*	*200*	*172*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(142) Bhí an meánphraghas díola aonaid san Aontas thar a bheith so-ghalaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar thoradh ar an téarnamh láidir iarphaindéime in 2021, tháinig méadú ar phraghsanna a sháraigh an méadú suntasach ar chostais. Níor fhan an staid mar sin i bhfad mar chuir cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine le géarchéim fuinnimh san Aontas agus le méadú mór ina dhiaidh sin ar chostais a ionsúdh den chuid is mó le méadú ar an bpraghas díola. Cé go raibh staid tháirgeoirí sampláilte an Aontais fós fónta ó thaobh airgeadais de agus praghsanna díola ag cumhdach chostas iomlán an táirgthe, tháinig meath tapa ar an staid ag deireadh 2022, nuair a bhí deacrachtaí ag na táirgeoirí sampláilte cheana féin na costais uile a ionsú i bpraghsanna díolacháin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, coigeartaíodh an costas táirgthe nuair a tháinig lagú ar an ngéarchéim fuinnimh ach tháinig laghdú níos mó fós ar an bpraghas díola mar a léirítear i dTábla 7 (le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 14 % ar an gcostas táirgthe ach tháinig laghdú níos mó 28 % ar an meánphraghas díola). Mar thoradh air sin, bhí na táirgeoirí sampláilte an Aontais ag oibriú ar bhonn caillteanais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léirigh méid thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar chumhacht praghsála tháirgeoirí sampláilte an Aontais, táirgeoirí a rinneadh praghasghlacadóirí díobh i margadh a raibh tionchar ag méideanna móra allmhairí dumpáilte ón Éigipt agus ó SAM air.

(143) Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 64 % ar phraghsanna díola agus méadú 72 % ar chostais táirgthe.

4.5.3.2. Costais saothair

(144) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	115 266	117 134	119 662	120 571
Innéacs	*100*	*102*	*104*	*105*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(145) Léirítear sa tábla thuas go raibh meánchostais saothair measartha cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mhínigh na táirgeoirí sampláilte an Aontais go bhfuil na costais saothair docht agus nach bhfuil formhór a gcostas saothair á rialú acu toisc go mbunaítear iad leis an dlí, le comhaontuithe saothair nó le conarthaí. Mar shampla, tá innéacsú tuarastal éigeantach faoi dhlí na Beilge agus níl sé de rogha ag na fostóirí na tuarastail ná uainiú an innéacsaithe sin a innéacsú nó gan iad a innéacsú. Chomh maith leis sin, a mhéid a bhaineann le leibhéal measartha ard na gcostas sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an tionscal ceimiceán contúirteach go bunúsach, faoi réir timthriallta seal oibre agus patrúin dhiana oibre, ar tosca iad uile a chuireann le costais saothair measartha ard.

(146) Ní mheasann an Coimisiún go gceistítear an díobháil líomhnaithe a luaitear sa ghearán leis an méadú teoranta a breathnaíodh ar mheánchostas saothair in aghaidh an fhostaí.

4.5.3.3. Fardail

(147) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Fardail

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	61 181	68 986	74 985	58 304
Innéacs	*100*	*113*	*123*	*95*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	5,20 %	5,92 %	6,77 %	6,06 %
Innéacs	*100*	*114*	*130*	*117*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(148) Tá roinnt éifeachtaí séasúracha ag díolacháin an táirge chomhchosúil atá coitianta san earnáil tógála, a phríomhúsáideoir. Is iondúil go mbíonn díolacháin le linn mhí na Nollag measartha íseal agus is gnách go dtugann táirgeoirí tús áite do chothabháil a dhéanamh le linn na míosa seo. Mar thoradh ar an éifeacht shéasúrach i mí na Nollag, níl an chomparáid idir an leibhéal stoc ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin i mí Mheán Fómhair 2023 agus na stoic deiridh i mí na Nollag sna 3 bliana roimhe sin ábhartha. Tháinig méadú 30 % in dhá bhliain ar threocht na stoc deiridh ag deireadh na bliana ó 2020 go 2022.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(149) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	3,5	17,7 %	13,1 %	– 2,6 %
Innéacs	*100*	*506*	*374*	*– 74*
Sreabhadh airgid (EUR)	63 543 946	267 522 792	241 989 149	– 13 993 872
Innéacs	*100*	*421*	*381*	*– 22*
Infheistíochtaí (EUR)	64 616 015	61 243 727	82 005 921	141 483 932
Innéacs	*100*	*95*	*127*	*219*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	10	120	93	– 26
Innéacs	*100*	*1 193*	*927*	*– 258*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(150) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tá tionchar ag na cúinsí eacnamaíocha a cruthaíodh le teacht chun cinn phaindéim COVID-19 go luath in 2020 agus téarnamh neamhghnách ina dhiaidh sin tar éis leathadh amach vacsaíní san Aontas chomh maith le spreagadh fioscach ar an mbrabúsacht le linn an chéad dá bhliain den tréimhse faoi bhreathnú. Measann an Coimisiún go bhfuil tionchar ag an gcomhthéacs eacnamaíoch foriomlán sin ar na leibhéil bhrabúsachta a fuarthas faoi 2020 agus 2021. Bhí tionchar freisin ag géarchéim fuinnimh a tháinig chun cinn tar éis thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an mbrabúsacht a fuarthas in 2022. Mar sin féin, in 2022 d'éirigh leis táirgeoirí sampláilte an Aontais an méadú ar chostais a chur ar aghaidh chuig úsáideoirí san Aontas, ós rud é gur tháinig méadú 390 EUR/tona ar an meánphraghas díola i dtionscal an Aontais a breathnaíodh, méid a bhí níos airde fiú ná an méadú 387 EUR/tona ar chostais. Dá thoradh sin, bhí an brabús in 2021 agus 2022 in EUR/tona measartha cobhsaí (EUR 209 agus EUR 212 in aghaidh an tona faoi seach). Tháinig treocht anuas ar na táirgeoirí sampláilte le linn 2022 agus bhain caillteanas (–2,6 %) díobh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar a léirítear in aithris (142), mar gheall ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte méadaithe, chaill táirgeoirí an Aontais cumhacht ar phraghsáil an táirge, rud a raibh tionchar air ag infhaighteacht S-PVC ó na tíortha lena mbaineann ar phraghsanna an-íseal, agus as a d'eascair díchur praghsanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(151) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Léiríonn an treocht i nglansreabhadh airgid treocht anuas ó 2021 agus brisphointe suntasach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a bhíonn an sreabhadh airgid diúltach den chéad uair le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chuir na táirgeoirí sampláilte moill ar roinnt infheistíochtaí nó chuir siad roinnt cothabháil neamhriachtanach siar le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach níor leor na bearta sin chun sreabhadh airgid diúltach a sheachaint.

(152) Bhí infheistíochtaí measartha cobhsaí le linn 2020 agus 2021 agus bhain briseadh aníos dóibh in 2022. Tá cúiseanna éagsúla ann leis an méadú ar infheistíochtaí ó 2022. Níor spreagadh na hinfheistíochtaí ó 2022 mar gheall ar aon leathnú acmhainneachta ach mar gheall ar an ngá a bhain leis an lorg carbóin a laghdú agus rialacháin chomhshaoil agus sábháilteachta eile a chomhlíonadh, chomh maith le héifeacht breith suas toisc go raibh bacainní ar na táirgeoirí sampláilte infheistíochtaí beartaithe a chur chun feidhme in 2020 mar gheall ar an bpaindéim agus in 2021 mar gheall ar an éileamh a lean téarnamh eacnamaíoch láidir a chuir brú ar oibríochtaí. Oibríonn an triúr táirgeoirí sampláilte ó láithreáin oidhreachta a dearadh tráth a raibh rialacháin níos scaoilte ann agus a éilíonn infheistíochtaí suntasacha chun coinneáil suas le rialacháin nua chomhshaoil agus sábháilteachta. Chomh maith leis sin, éilíonn na hinfheistíochtaí i ngléasraí ceimiceacha oibríochtúla pleanáil fhada a mhéid gur infheistíochtaí a bhí beartaithe roimh 2020 den chuid is mó a bhí sna hinfheistíochtaí a breathnaíodh ó 2022. Ar deireadh, ní féidir leibhéal na hinfheistíochta a choigeartú chuig leibhéil táirgeachta iarbhír seachas chuig leibhéil theoiriciúla. Tá tionchar teoranta ag na táirgeoirí sampláilte chun na hinfheistíochtaí a ailíniú leis na rátaí úsáide acmhainneachta iarbhír.

(153) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach air ó 2021 agus léiríonn sé toradh suntasach –26 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Éilíonn na táirgeoirí sampláilte, amhail aon táirgeoir den táirge comhchosúil, infheistíochtaí móra chun oibriú. Tá láithreáin oidhreachta ag na táirgeoirí sampláilte agus tá na gléasraí tosaigh dímheasta go hiomlán ach cuireann siad sócmhainní nua leo go rialta mar gheall ar chostais chothabhála agus láimhdeachais chomh maith le hinfheistíochtaí iomlán nua. Tá solúbthacht theoranta ag na táirgeoirí sampláilte chun oibriú le leibhéal sócmhainní níos ísle.

(154) Tá amhras ann faoi chumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú sa chomhthéacs eacnamaíoch atá ann faoi láthair mar gheall ar an mbrabúsacht íseal agus an éiginnteacht rialála. Mar sin féin, bheadh an cumas sin hipitéiseach ar aon chaoi toisc go bhfuil na táirgeoirí sampláilte mar chuid de ghrúpaí níos mó agus go mbraitheann siad níos mó ar fhoinsí inmheánacha seachas ar fhoinsí seachtracha. Dá bhrí sin, d'fhéach an Coimisiún ar an bhféidearthacht acmhainní a mhealladh óna ngrúpaí. Dheimhnigh gach táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais deacrachtaí comhchosúla maidir le tairbhe a bhaint as ath-leithdháileadh acmhainní ar leibhéal an ghrúpa. Mhínigh an triúr táirgeoirí tionchair éagsúla na treochta sin amhail tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí i réigiúin eile den domhan, gan aghaidh a thabhairt ar scrogaill sa phróiseas táirgthe, ciorruithe buiséadacha urghnácha leanúnacha, agus tionchair eile. Measann an Coimisiún go bhféadfadh an staid sin a bheith bainteach le tosca eile freisin, ach thug sé dá aire gur chuir na hallmhairí dumpáilte líomhnaithe ó na tíortha lena mbaineann leis an timpeallacht infheistíochta dhiúltach sin agus gur chuir siad leis an éiginnteacht maidir le hionchais an tionscail amach anseo.

4.5.4. *Conclúid maidir le díobháil*

(155) Léirigh na príomh-mhacratháscairí treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú: tháinig laghdú 22 % ar mhéid táirgeachta an Aontais, laghdú 24 % ar úsáid acmhainneachta, laghdú 28 % ar mhéid díolachán an Aontais agus laghdú 20 % ar tháirgiúlacht.

(156) Is féidir léargas den chineál céanna a fháil maidir leis na micreatháscairí. Bhí brabúsacht na ndíolachán san Aontas dearfach ó 2020 go 2022 ach d'éirigh an tionscal neamhbhrabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an gcaoi chéanna, d'éirigh sreabhadh airgid a bhí dearfach ó 2020 go 2022 diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú ar stoic dheiridh ag deireadh na bliana mar chéatadán den táirgeacht ó 2020 go 2022, nuair ba léir cheana féin an tionchar ó allmhairí arda ó na tíortha lena mbaineann.

(157) D'iolraigh méideanna allmhairí onnmhaireoirí na hÉigipte agus SAM ocht n-uaire le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I gcomhthéacs laghdú 729 110 dtona ar thomhaltas bliantúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 288 405 thona ar allmhairí bliantúla ó na tíortha lena mbaineann, rud a d'fhág gur mhéadaigh onnmhaireoirí na hÉigipte agus SAM a sciar comhcheangailte den mhargadh ó 1 % in 2020 go 10 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin toisc go ndearna a bpraghsanna sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais ó 2022 agus go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba iad 31,7 % agus 28,9 % ar an meán an corrlach sladghearrtha i gcás allmhairí ó SAM agus ón Éigipt faoi seach, mar a leagtar amach thuas i roinn 4.4.3.)

(158) Bhí na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón Éigipt agus ó SAM ina gcúis freisin le díchur suntasach praghsanna do thionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann díol ar phraghsanna lena gcumhdaítear a gcostas táirgthe agus bhain caillteanas dó le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(159) Cé gur tháinig méadú 119 % ar ghlan-infheistíochtaí, d'éirigh an toradh ar infheistíocht diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 10,1 % in 2020 go −26,1 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'éirigh an sreabhadh airgid diúltach freisin, rud a chuir isteach ar chumas thionscal an Aontais a chuid oibríochtaí féin a fhéinmhaoiniú. Cé gur tháinig laghdú 3 % ar líon na bhfostaithe le linn na tréimhse céanna, tháinig laghdú 20 % ar an táirgiúlacht, rud a d'fhág costas saothair níos airde in aghaidh an tona PVC.

(160) Mar a leagtar amach thuas, tháinig meath suntasach ar tháscairí eacnamaíocha amhail brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'imir sé sin tionchar diúltach ar chumas thionscal an Aontais oibríochtaí féinmhaoinithe a dhéanamh, na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh agus caipiteal a thiomsú, rud a chuir bac ar an bhfás agus fiú bagairt ar a mharthanas.

(161) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(162) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha de dheasca tosca seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann i leith na n-allmhairí dumpáilte. Is iad seo na tosca: crapadh eacnamaíoch agus dinimic lag an mhargaidh, tionchar teagmhas force majeure agus díolacháin onnmhairiúcháin neamhbhrabúsacha.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(163) Tháinig méadú 8 n-uaire ar chainníochtaí na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 40 989 dtona in 2020 go 329 904 thona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tharla an méadú géar sin, mar a mhínítear in aithris (157), i gcomhthráth le margadh intíre measartha lag a raibh deacrachtaí aige na hallmhairí dumpáilte a ionsú.

(164) Mar thoradh air sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ó 1 % go 10 % ar an sciar comhcheangailte den mhargadh atá ag na tíortha lena mbaineann. Idir an dá linn, tháinig laghdú leanúnach ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó 91 % le haghaidh 2020 go 80 % le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

(165) Cé go raibh tionchar ag an bpaindéim COVID ar 2020 agus go raibh tionchar ag téarnamh eacnamaíoch láidir ar 2021, d'éirigh éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte níos suntasaí amhail ó 2022 nuair a tháinig méadú 161 % ar na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus méadú 220 % ar a sciar den mhargadh i gcomparáid le 2021.

(166) In 2022, an bhliain inar tháinig borradh ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, bhí na praghsanna sin i bhfad faoi bhun mheánphraghas díola tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(167) Bhí tionchar diúltach ar staid airgeadais thionscal an Aontais ag cainníocht mhéadaithe na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann mar aon lena meánphraghsanna ísle díolacháin.

(168) Bhí tionchar na gcainníochtaí méadaithe d'allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann go hiomlán infheicthe le linn na tréimhse imscrúdúcháin nuair a tháinig meath suntasach ar staid airgeadais thionscal an Aontais. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díolacháin a mhéadú d'fhonn costas méadaitheach na n-amhábhar (costais fuinnimh ach go háirithe) a chur ar aghaidh chuig custaiméirí toisc go raibh iomaíocht éagórach ó allmhairí an táirge lena mbaineann os a chomhair. Ba é straitéis thionscal an Aontais caillteanais i méideanna táirgeachta agus i sciar den mhargadh a mhaolú trí phraghsanna a laghdú chun dochair dá bhrabúsacht. Go deimhin, tar éis a bheith brabúsach sna blianta roimhe sin, d'éirigh tionscal an Aontais neamhbhrabúsach (– 3 %) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, chuir na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann cosc ar mhéaduithe praghsanna i dtionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán agus dá bhrí sin ba chúis le díchur praghsanna.

(169) Thairis sin, d'éirigh sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht diúltach freisin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sreabhadh airgid diúltach EUR 14 mhilliún agus toradh ar infheistíocht – 26,1 % ag táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(170) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún go sealadach gur allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna araon.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(171) Tháinig forbairt ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 11

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meicsiceo	Méid (tonaí)	142 867	161 713	160 261	129 496
	Innéacs	*100*	*113*	*112*	*91*
	Sciar den mhargadh	4 %	4 %	4 %	4 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	703	1 214	1 538	954
	Innéacs	*100*	*173*	*219*	*136*
An Iorua	Méid (tonaí)	67 067	92 360	54 769	46 300

	Innéacs	*100*	*138*	*82*	*69*
	Sciar den mhargadh	2 %	2 %	2 %	1 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	839	1 313	1 719	1 356
	Innéacs	*100*	*156*	*205*	*162*
An Chóiré Theas	Méid (tonaí)	2 335	11 792	23 891	50 703
	Innéacs	*100*	*505*	*1 023*	*2 171*
	Sciar den mhargadh	0 %	0 %	1 %	2 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 278	1 534	1 686	969
	Innéacs	*100*	*120*	*132*	*76*
An Ríocht Aontaithe	Méid (tonaí)	47 801	17 212	14 314	16 309
	Innéacs	*100*	*36*	*30*	*34*
	Sciar den mhargadh	1 %	0 %	0 %	1 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	836	1 088	1 449	1 224
	Innéacs	*100*	*130*	*173*	*146*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	57 711	122 261	90 254	79 397
	Innéacs	*100*	*212*	*156*	*138*
	Sciar den mhargadh	1 %	3 %	2 %	2 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	721	1 493	1 452	959
	Innéacs	*100*	*207*	*201*	*133*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Méid (tonaí)	317 781	405 338	343 489	322 205
	Innéacs	*100*	*128*	*108*	*101*
	Sciar den mhargadh	8 %	9 %	9 %	10 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	759	1 324	1 551	1 029
	Innéacs	*100*	*174*	*204*	*136*

Foinse: Eurostat.

(172) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba iad Meicsiceo, an Iorua, an Chóiré Theas agus an Ríocht Aontaithe na tríú tíortha amháin ónar allmhairíodh méideanna suntasacha PVC isteach san Aontas.

(173) Ar an iomlán, le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí méid cobhsaí ag gach tríú tír seachas na tíortha lena mbaineann le sciar den mhargadh acu a d'fhan idir 8 % agus 10 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ina theannta sin, tá a bpraghsanna níos ailínithe freisin le praghsanna tháirgeoirí sampláilte an Aontais le meánphraghas allmhairiúcháin le haghaidh 2022 de 1 551 EUR/tona atá comhionann go praiticiúil le meánphraghas allmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais de 1 566 EUR/tona. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tá an meánphraghas allmhairiúcháin de 1 029 EUR/tona níos ísle ná an praghas in aghaidh an tona le haghaidh tháirgeoirí sampláilte an Aontais, EUR 1 134. Mar sin féin, tháinig laghdú 6 % ar na méideanna a allmhairíodh san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a thugann le fios go raibh allmhaireoirí ag iarraidh sciar den mhargadh i margadh craptha a chaomhnú seachas é a leathnú.

(174) Tugann an Coimisiún dá aire nár tháinig aon bhorradh ar allmhairí agus gur fhan an sciar den mhargadh a bhí ag tríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann measartha cobhsaí. Is athdháileadh ar thionscnamh na n-allmhairí eile sin na hathruithe móra a breathnaíodh, a n-onnmhairí chuig an Aontas á laghdú ag roinnt tíortha mar gheall ar chúiseanna struchtúracha nó straitéiseacha amhail an Iorua, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe, agus tíortha eile amhail an Chóiré Theas á lonnú sa spás atá fágtha.

(175) I bhfianaise a bhfuil thuas agus i bhfianaise na méideanna móra allmhairí ar phraghsanna ísle ó na tíortha lena mbaineann i gcomparáid leo siúd ó thríú tíortha eile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár laghdaigh allmhairí ó thríú tíortha eile an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(176) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid onnmhairí tháirgeoirí de chuid an Aontais (tonaí)	1 494 677	1 227 548	1 120 519	1 101 408
Innéacs	*100*	*82*	*75*	*74*
Meánphraghas tháirgeoirí de chuid an Aontais (EUR/tona)	822	1 414	1 509	1 075
Innéacs	*100*	*172*	*184*	*131*

Foinse: Eurostat.

(177) Bhí onnmhairí tháirgeoirí an Aontais in 2020 ar an leibhéal ab airde le linn na tréimhse faoi bhreathnú le 1 494 288 dtona agus tháinig laghdú 18 % orthu in 2021. In 2022 lean onnmhairí de bheith ag laghdú ach ag ráta níos ísle agus d'fhan siad measartha cobhsaí ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(178) Bhí meánphraghas onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais thar a bheith so-ghalaithe freisin le méadú mór in 2021, méadú teoranta in 2022 agus, ar deireadh, laghdú tobann ar an bpraghas onnmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar thoradh air sin, sa tréimhse imscrúdúcháin bhí tionscal an Aontais ag onnmhairiú ar phraghsanna a mheas an Coimisiún a bheith faoi bhun an chostais táirgthe mheasta.

(179) Tar éis na maíomh a rinne Westlake, Oxy Vinyls, LP agus TCI Sanmar, scrúdaigh an Coimisiún feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas tríd an mbearna phraghais a chur i gcomparáid idir an praghas onnmhairiúcháin agus a bpraghas intíre (le custaiméirí neamhchomhlachaithe sa dá chás).

(180) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí acmhainneacht bhreise ag tionscal an Aontais agus d'onnmhairigh sé S-PVC ach ní dhearnadh aon atreorú díolachán ón Aontas chuig margaí onnmhairiúcháin. I ndáil leis sin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí meánphraghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte beagán níos airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin na dtíortha lena mbaineann chuig an Aontas, léiriú ar leibhéal éigin iomaíochais. Ina theannta sin, bhí táirgeoirí sampláilte an Aontais ag onnmhairiú ar phraghsanna faoi bhun an chostais iomláin monaraithe (mar gheall ar fhorchostais) ach os cionn an chostais athraithigh (fuinneamh agus amhábhair den chuid is mó). Dá bhrí sin, trí onnmhairí a chothabháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rannchuidíodh leis an gcorrlach foriomlán agus cuidíodh le táirgeoirí an Aontais sábháilteacht agus feidhmiú rianúil na línte a choinneáil trí tháirgeadh os cionn an íosleibhéil theicniúil.

(181) Thug an Coimisiún dá aire gur gnách go mbaineann táirgeoirí ó na tíortha lena mbaineann úsáid as trádálaithe chun a dtáirge a dhíol isteach i margaí eachtracha. Tá na trádálaithe céanna a dhíolann S-PVC dumpáilte san Aontas gníomhach sna margaí onnmhairiúcháin is mó san Aontas. I ndáil leis sin, tá na trádálaithe atá ag díol an PVC dumpáilte san Aontas oibríochtúil freisin i margaí onnmhairiúcháin traidisiúnta an Aontais, rud a mhíníonn freisin na dúshláin atá roimh thionscal an Aontais ó 2022 chun margaí onnmhairiúcháin a chothabháil.

(182) Tháinig laghdú 106 528 dtona ar onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe sa tréimhse imscrúdúcháin (ó 2022), is é sin laghdú 37 %. Léirítear laghdú 120 668 dtona, nó 40 % leis an gcomparáid idir an tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse 12 mhí roimhe sin. D'fhógair an Ríocht Aontaithe oscailt imscrúdaithe frithdhumpála ar S-PVC de thionscnamh SAM an 8 Eanáir 2024 ar léiriú láidir é ar chleachtais éagóracha trádála sa dara margadh onnmhairiúcháin is mó san Aontas. Tháinig laghdú 10 027 dtona ar onnmhairí chuig an Eilvéis sa tréimhse imscrúdúcháin (ó 2022), is é sin laghdú 22 % (léirítear laghdú 17 460 tona nó 33 % leis an gcomparáid idir an tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse 12 mhí roimhe sin). Chinn an Coimisiún freisin gur onnmhairigh trádálaithe S-PVC de thionscnamh SAM go dtí an Eilvéis ar phraghas faoi bhun an ghnáthluacha.

(183) D'ainneoin thionchar na hiomaíochta sna margaí céanna le hallmhairí dumpáilte, ní mheasann an Coimisiún go raibh tionchar ar leith *per se* ag an bhfeidhmíocht i margaí onnmhairí a d'fhéadfadh an nasc cúisíoch idir na cleachtais dumpála ag na tíortha lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú. Shuigh an Coimisiún go raibh onnmhairí mar chéatadán de dhíolacháin intíre comhchosúil in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag thart ar 42-43 %. Chomh maith leis sin, bhí onnmhairí mar chéatadán de tháirgeacht an Aontais thar a bheith comhchosúil freisin in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag thart ar 30 %.

(184) Is é conclúid an Choimisiúin go raibh tionchar ag an laghdú ar onnmhairí ar fheidhmíocht tháirgeoirí an Aontais, feidhmíocht nach féidir a dhealú, áfach, ón bpraghsáil ionsaitheach chuig tríú tíortha arna socrú ag trádálaithe a bhí ag obair leis na táirgeoirí ó na tíortha lena mbaineann. Laghdaigh táirgeoirí de chuid an Aontais a n-onnmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tharla an príomhlaghdú in 2021, i bhfad roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Dá réir sin, ní féidir feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin a mhíniú de réir méideanna amháin, ach de réir praghsanna. Ní féidir an brú sin ar phraghsanna onnmhairiúcháin a dhealú ó na honnmhairí dumpáilte de thionscnamh na hÉigipte agus SAM a bhí in iomaíocht ar na margaí sin freisin.

5.2.3. *Ró-acmhainneacht sa tionscal PVC*

(185) Is tionscal timthriallach é PVC mar a d'aithin na gearánaigh, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus onnmhaireoirí de chuid na hÉigipte agus SAM ina n-aighneachtaí agus ina mbarúlacha. Tá ró-acmhainneacht shuntasach ag tionscal PVC ar fud an domhain toisc gur sháraigh a acmhainneacht an t-éileamh domhanda go córasach le blianta beaga anuas ar bhonn na meastachán arna gcur ar fáil ag na gearánaigh agus faisnéis mhargaidh.

(186) Tá an ró-acmhainneacht sin struchtúrach agus is é is cúis léi na deacrachtaí a bhaineann le hacmhainneacht a mhéadú chun déileáil le héilimh bhorrtha. Dá bhrí sin, tá an tionscal sásta buaicéilimh thar an timthriall eacnamaíoch a ionsú le peirspictíocht fhadtéarmach.

(187) Níor mhéadaigh tionscal PVC an Aontais a acmhainneacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach amháin i gcás leathnú teoranta ag táirgeoir amháin de chuid an Aontais a ghníomhachtaigh líne táirgeachta amháin a aistríodh ó láithreán le trí líne a dhún sé roimh an tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go mínítear an méadú dealraitheach sin ar an acmhainneacht le tionchar uainithe, ós rud é gur cuireadh an dúnadh i gcrích roimh an tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur léirigh an táirgeoir sin de chuid an Aontais réasúnaíocht an chinnidh sin a raibh sé mar aidhm leis éifeachtúlacht níos fearr a áirithiú trí líon na láithreán táirgthe a laghdú, a acmhainneacht fhoriomlán a choigeartú anuas agus a oibríochtaí a bharrfheabhsú.

(188) Bhí ráta úsáide acmhainneachta thionscal an Aontais in 2020 agus 2021 os cionn 90 %, agus níor thit an ráta úsáide acmhainneachta go 74 % in 2022 agus 69 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí gur tháinig borradh faoi na hallmhairí dumpáilte.

(189) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh tionchar a bheith ag ró-acmhainneacht struchtúrach fhéideartha thionscal PVC, go domhanda agus san Aontas, ar dhinimic an mhargaidh agus go bhféadfadh sé réasúnaíocht na n-onnmhairí dumpáilte a chur i dtábhacht, ach ní mheasann sé gur toisc é sin a bhriseann nó a mhaolaíonn an nasc cúisíoch. Is é is cúis leis sin, le linn na tréimhse lena mbaineann, nár mhéadaigh táirgeoirí an Aontais a n-acmhainneacht ar aon bhealach fiúntach. Go deimhin, is cosúil gurb í an ró-acmhainneacht an gnáthchleachtas sa tionscal ceimiceán agus nach n-imíonn tionscal PVC an Aontais ón dinimic atá ann i margaí eile, lena n-áirítear margaí na dtíortha lena mbaineann. Chomh maith leis sin, bhí leibhéal measartha ard ró-acmhainneachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh díreach ar an mborradh ar allmhairí dumpáilte agus ar an gcrapadh eacnamaíoch sealadach a mheastar ar leithligh.

(190) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go raibh leibhéal measartha ard reatha ró-acmhainneachta thionscal an Aontais mar thoradh ar imthosca an mhargaidh le déanaí agus ar na hallmhairí dumpáilte agus, dá bhrí sin, nach raibh sé, ann féin, ina ghné a d'fhéadfadh an nasc cúisíoch a mhaolú. Rinneadh scrúdú ar leithligh maidir leis na himthosca margaidh le déanaí.

5.2.4. *Géarchéim fuinnimh san Aontas*

(191) Líomhain roinnt páirtithe leasmhara go raibh tionscal an Aontais thíos leis mar gheall ar na praghsanna arda fuinnimh a rinne iomaíochas thionscal an Aontais a chreimeadh. De réir na mbarúlacha sin, ba chosúil go raibh comhghaol idir costais amhábhar agus praghsanna fuinnimh san Eoraip agus feidhmíocht tháirgeoirí an Aontais, agus iad ag maíomh gur sheachain tíortha eile iad, mar a míníodh iad, mar gheall ar choinbhleachtaí a bhí an-ghar don Aontas.

(192) D'aithin na gearánaigh gur tharla géarchéim fuinnimh san Eoraip idir an tréimhse dar tús lár 2021 agus dar críoch deireadh 2022, ach d'athdhearbhaigh siad nach maolaíonn ná nach mbriseann an ghéarchéim sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte de thionscnamh na hÉigipte agus SAM agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Luaigh na gearánaigh gur tháinig deireadh leis an ngéarchéim fuinnimh ag deireadh 2022 agus, maidir leis an bhfíric nach bhfuil feabhas tagtha ar staid thionscal an Aontais ó shin, in ainneoin an laghdaithe shuntasaigh ar phraghsanna fuinnimh, gur léiriú láidir é sin nach raibh tionchar mór ag an ngéarchéim fuinnimh ar an díobháil.

(193) Thug an Coimisiún dá aire go raibh na táirgeoirí sampláilte an Aontais ag fáil na mbrabús is mó le linn na tréimhse faoi bhreathnú nuair a bhí na praghsanna fuinnimh ar na leibhéil is airde in 2021 agus 2022. Thairis sin, tháinig an díobháil do thionscal an Aontais chun solais nuair a bhí lagú tagtha cheana féin ar an ngéarchéim fuinnimh, agus nuair bhí laghdú tagtha ar na praghsanna fuinnimh. I ndáiríre, sular tháinig méadú ar na hallmhairí ar phraghsanna ísle ó na tíortha lena mbaineann sa tréimhse imscrúdúcháin (cainníocht an dá mhí dhéag roimhe sin á hiolrú faoi thrí), bhí an tionscal fós in ann na costais mhéadaithe fuinnimh ina phraghsanna a chur ar aghaidh. Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh a thuilleadh nuair a tháinig borradh faoi allmhairí ar phraghas íseal, rud ba chúis le díchur praghsanna.

(194) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár míníodh leis an ngéarchéim fuinnimh a tharla san Aontas an treocht a breathnaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, nach ndéantar an nasc cúisíoch a bhriseadh ná a mhaolú léi.

5.2.5. *Crapadh eacnamaíoch, dinimic an mhargaidh*

(195) Shroich an t-éileamh ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú an leibhéal is airde in 2021 agus baineadh ceartúchán dó díreach ina dhiaidh sin nuair a thit an t-éileamh 18 % in 2022. I gcomparáid le 2020, bhí an t-éileamh in 2022 8 % níos ísle.

(196) Lean an t-éileamh de bheith ag laghdú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a shroich an t-éileamh measta 3 223 316 thona, nó 18 % níos lú ná an t-éileamh in 2020.

(197) Níorbh é a phraghas ná gurbh ann do tháirgí malartacha an phríomhchúis leis an éileamh lag ar PVC san Aontas. Ina ionad sin, mínítear an t-éileamh measartha íseal leis an meascán de bhoilsciú ard agus costais iasachtaíochta a raibh tionchar aige ar an ngeilleagar i gcoitinne agus a chuir srian le héileamh na hearnála tógála, is é sin, an príomh-mhargadh do PVC. D'aithin gearánaigh an méid sin ach d'aithin onnmhaireoirí ó na tíortha lena mbaineann é freisin.

(198) Tarchuireadh an tionchar atá ag boilsciú agus rátaí úis níos airde go réamhtheachtach chuig an tionscal PVC agus bhí moill áirithe ann mar gheall ar na hagaí tionscanta fada a bhain go traidisiúnta leis an earnáil tógála. Chiallaigh sé sin gur thóg sé roinnt ama sular léiríodh éifeachtaí costas iasachtaíochta níos airde agus costas tógála i méideanna aschuir tógála, níos mó fós i dtáirgeadh ábhar tógála amhail monarú píopaí, doirse agus fuinneoga déanta as PVC. Tá aithne fhorleathan ar thimthriallacht na hearnála tógála, agus ní dócha go leanfaidh an t-éileamh íseal reatha ar aghaidh nuair a laghdaíonn boilsciú agus rátaí úis agus nuair a mhéadaíonn an t-éileamh ar earraí infheistíochta.

(199) Mhaígh Westlake gur léirigh an t-éileamh íseal sin go raibh an tomhaltas ag aistriú. Mheas an Coimisiún nach bhfuil ansin ach tuairimíocht, ós rud é nach bhfuil aon fhianaise ann gur eascair an t-éileamh íseal as aistriú tomhaltais agus nach tionchar sealadach é ar na rátaí arda úis agus ar an mboilsciú. Os a choinne sin, le beartais a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip chun tacú le hathchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh atá ann cheana amhail na treoracha athbhreithnithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus Éifeachtúlacht Fuinnimh, méadófar an t-éileamh ar fhuinneoga agus doirse de dhéantús PVC toisc gur inslitheoir nádúrtha é PVC.

(200) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh tionchar teoranta nach mbriseann ná nach maolaíonn an nasc cúisíoch ag an gcrapadh eacnamaíoch agus ag an éileamh íseal gaolmhar ar an margadh a tharla san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

5.2.6. *Force majeure*

(201) Fuair an Coimisiún barúlacha ó pháirtithe leasmhara áirithe maidir leis an éifeacht a bhí ag teagmhais force majeure ar staid thionscal an Aontais.

(202) D'fhiosraigh an Coimisiún gach teagmhas force majeure a dhearbhaigh táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus scrúdaigh sé an fhreagracht agus na gníomhaíochtaí arna nglacadh ag na táirgeoirí.

(203) Chinn an Coimisiún gur tharla formhór na dteagmhas force majeure go luath sa tréimhse faoi bhreathnú, is é sin 2020 agus 2021, agus dá bhrí sin, ní féidir leis míniú a thabhairt ar an díobháil a léiríodh sa tréimhse imscrúdúcháin tar éis gur tháinig borradh faoi allmhairí dumpáilte ón dara leath de 2022. I ndáil leis sin, níor aimsigh an Coimisiún argóintí chun tacú leis go mbeadh an tionscal i riocht níos fearr le linn na tréimhse imscrúdúcháin gan an líon measartha ard teagmhas force majeure in 2020 agus 2021. Níor bhain an díobháil do thionscal an Aontais ach amháin nuair a rinne praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sladghearradh suntasach ar phraghsanna an Aontais ag tosú i lár 2022.

(204) Fuair an Coimisiún fianaise freisin nár comhordaíodh an dearbhú maidir le teagmhais force majeure ar bhealach córasach, mar a líomhain páirtithe leasmhara. Mar shampla, sa bhliain inar dhearbhaigh táirgeoir sampláilte amháin de chuid an Aontais force majeure, mhéadaigh a tháirgeoir comhlachaithe de chuid an Aontais a tháirgeacht go leibhéal os cionn a acmhainneachta teoiriciúla. Tagann an cás seo salach ar an líomhain go raibh sé mar aidhm leis an dearbhú freastal ar roinnt custaiméirí a sheachaint.

(205) Chinn an Coimisiún freisin le linn na bliana a raibh tionchar ag teagmhas force majeure ó cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais ar Rehau, mar sin féin d'éirigh leis an táirgeoir freastal ar níos mó ná 100 % den mhéid conartha do Rehau, cé nár éirigh leis freastal ar na cainníochtaí breise go léir a éilíodh. Fiú más fianaise starógach é sin, athdhearbhaíonn an Coimisiún nár aimsigh sé aon fhianaise gur bhain táirgeoirí sampláilte an Aontais úsáid d'aon ghnó as teagmhais force majeure chun freastal ar na méideanna geallta a sheachaint nó chun táirgeadh a theorannú ar mhaithe le praghsanna intíre a ardú.

(206) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh tionchar ag an dearbhú maidir le teagmhais force majeure ar an díobháil.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(207) Suíodh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón Éigipt agus ó SAM ar thaobh amháin agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ar an taobh eile. Tharla comhtharlú ama idir an méadú géar ar mhéid agus sciar margaidh na n-allmhairí dumpáilte ar phraghsanna níos ísle agus dul in olcas fheidhmíocht an Aontais. I margadh a bhí measartha lag, rinne méid méadaithe na n-allmhairí dumpáilte creimeadh ar chumas thionscal an Aontais praghsanna a shocrú lena n-aisghabhfaí a chostais táirgthe, rud a léirigh go soiléir gurbh ann do dhíchur praghsanna. Dá thoradh sin d'eascair staid chaillteanais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(208) Scrúdaigh an Coimisiún tosca ionchasacha eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar staid thionscal an Aontais: feidhmíocht onnmhairiúcháin, ró-acmhainneacht líomhnaithe thionscal an Aontais, an ghéarchéim fuinnimh san Aontas, an dearbhú maidir le teagmhais force majeure, an crapadh eacnamaíoch san Aontas agus an margadh measartha lag. Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca seo ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte.

(209) Ní féidir le feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais míniú a thabhairt ar an díobháil a breathnaíodh a bhain do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an gcéad dul síos, ó thaobh méideanna de, bhí onnmhairí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin coibhéiseach le 29 % de tháirgeacht an Aontais, beagnach an céatadán céanna, 30 %, a breathnaíodh in 2020. Ar an dara dul síos, breathnaíodh an príomhlaghdú ar onnmhairí in 2021, nuair a tháinig laghdú 18 % ar chainníochtaí onnmhairiúcháin, agus in 2022 nuair a tháinig laghdú breise 9 % ar chainníochtaí onnmhairiúcháin. Mar sin féin, bhí brabúsacht thionscal an Aontais ar an leibhéal is airde in 2021 agus 2022.

(210) Fuarthas amach nach ndearna éifeacht ró-acmhainneacht thionscal PVC san Aontas díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin toisc go raibh an acmhainneacht fós cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an gcaoi chéanna, ní bhfuarthas amach go raibh éifeacht na géarchéime fuinnimh agus na praghsanna fuinnimh níos airde a bhaineann léi ina gcúis leis an díobháil a breathnaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin toisc go raibh an ghéarchéim fuinnimh lagaithe an tráth sin.

(211) Níor thacaigh na fíorais a d'aimsigh an Coimisiún leis an maíomh a rinne páirtithe leasmhara gurbh é an dearbhú maidir le teagmhais force majeure ó thionscal an Aontais ba chúis leis an díobháil freisin.

(212) Ar deireadh, rinne an crapadh eacnamaíoch agus an t-éileamh lag sa mhargadh dá thoradh sin difear do thionscal an Aontais ar bhealach teoranta ach gan an nasc cúisíoch a bhriseadh. Os a choinne sin, chuir éileamh lag an mhargaidh leis an díobháil a rinneadh de dheasca na n-allmhairí dumpáilte toisc nach raibh corrlach ag tionscal an Aontais méideanna níos mó allmhairí dumpáilte a ionsú gan praghsanna a laghdú chun sciar éigin den mhargadh a chaomhnú.

(213) Mar achoimre, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh ach tionchar teoranta ar thionscal an Aontais ag an gcrapadh eacnamaíoch agus ag an éileamh lag dá thoradh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, níorbh fhéidir leis an toisc sin an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a suíodh do thionscal an Aontais a bhriseadh. Ba iad na hallmhairí dumpáilte fós an phríomhchúis díobhála ar na cúiseanna seo a leanas: mar a leagtar amach in aithris (110), tháinig méadú deich n-uaire ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fad a d'fhan allmhairí ó thíortha eile cobhsaí.

(214) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na bhfachtóirí eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Is éard atá sa díobháil laghdú maidir le sciar den mhargadh, táirgeadh, úsáid acmhainneachta táirgeachta, táirgiúlacht, brabúsacht, stoic dheiridh, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí. Thairis sin, mar a mhínítear thuas in aithris (117), bhain díchur praghsanna do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(215) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(216) Chuirfí deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a fháil trí dhíolachán ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagail 7(2c) agus 7(2d) den bhun-Rialachán.

(217) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ó na tíortha atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart corrlach brabúis den sórt sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(218) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Chinn an Coimisiún gurbh é 17,7 % brabúsacht na ndíolachán neamhchomhlachaithe san Aontas in 2021, an bhliain roimh an mborradh ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Bhí an bhrabúsacht sin os cionn na brabúsachta a breathnaíodh in 2020 de 3,5 %. Measann an Coimisiún nach gnáthbhlianta a bhí in 2020 ná 2021 chun críche corrlach brabúis tagartha a aimsiú. Rinne teacht chun cinn phaindéim COVID san Aontas difear don bhliain 2020 agus bhí tionchar an-diúltach aige sin ar thionscal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir 2021 a mheas mar ghnáthbhliain thagartha toisc gur bhain an tAontas tairbhe as téarnamh láidir eacnamaíoch.

(219) Ar an gcúis sin, chinn an Coimisiún gurbh í 2022 an tréimhse thagartha ab fhearr ab fhéidir. Rinne an borradh a tháinig faoi allmhairí dumpáilte ag deireadh na bliana difear páirteach don Bhliain 2022, ach tá na héifeachtaí measartha beag agus, dá bhrí sin, is coimeádach an cur chuige é úsáid a bhaint aisti mar thagairt. Ar an gcaoi sin, mheas an Coimisiún gur cheart corrlach brabúis 13,1 % a úsáid dá ríomhanna.

(220) Ar an mbonn sin, tá an praghas neamhdhíobhálach laistigh den raon 1 350 go 1 450 EUR/tona, mar thoradh ar an gcorrlach brabúis 13,1 % thuasluaite a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(221) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na fianaise atá ar fáil ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, meastachán ar rátaí úsáide táirgeachta a bhfuil coinne leo agus praghsanna réamh-mheasta lamháltas trádála astaíochtaí, ríomh an Coimisiún costas breise 16,44 EUR/tona a suíodh sa bhreis ar na costais chomhlíontachta a breathnaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear in aithris (220).

(222) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach 1 405,48 EUR/tona le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach spriocbhrabúis thuasluaite (féach aithris (219)) a chur le costas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(223) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sna tíortha lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas neamhdhíobhálach ualaithe an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú. Maidir le EPC, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil agus shuigh sé an corrlach díobhála ar bhonn na n-idirbheart céanna le haghaidh TCI Sanmar a d'úsáid sé chun a chorrlach dumpála a chinneadh (cosúil leis an gcaoi ar bunaíodh an corrlach dumpála, féach aithris (70)).

(224) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach cuideachta eile' ar aon gcaoi chéanna leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithris (71)).

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(225) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
an Éigipt	Egyptian Petrochemical Company	109,5	100,1	100,1
	TCI Sanmar Chemicals S.A.E.	86,1	74,2	74,2
	Gach cuideachta eile	109,5	100,1	100,1
SAM	Formosa Plastics Corporation	70,3	90,6	70,3
	Westlake Chemicals	58,0	87,2	58,
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	62,1	88,3	62,1
	Gach cuideachta eile	77,0	90,6	77,0

7. LEAS AN AONTAIS

(226) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(227) Is táirge tionsclaíoch bunúsach é PVC a thairgeann go leor feidhmeanna féideartha. Tá sé ríthábhachtach don Aontas tionscal sláintiúil PVC a bheith aige mar gheall ar na naisc atá aige le roinnt tionscal iartheachtach. Úsáidtear PVC i réimse leathan táirgí, ó phíopaí uisce, fuinneoga, cártaí creidmheasa agus cáblaí leictreacha.

(228) Ní féidir allmhairí PVC a chur in ionad tháirgeadh thionscal an Aontais gan éifeachtaí comhthaobhachta. Mar a léiríodh sa ghearán, tá an tionscal PVC an-tábhachtach laistigh den tionscal ceimiceach níos leithne. Dá laghdódh tionscal an Aontais a tháirgeadh, chiallódh sé sin go mbeadh níos lú éilimh ar phríomh-bhunábhar amhail eitiléin agus clóirín. Is éard atá in PVC thart ar 30 % d'úsáid clóirín san Aontas, agus dá bhrí sin aistreofar aon laghdú ar tháirgeadh PVC go dtí an 'próiseas Clór-Alcaile' agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar infhaighteacht clóirín, sóide loiscní agus hidrigine.

(229) Cé gur dhíbh an Coimisiún maíomh Westlake an t-ioncam agus na brabúis a rinneadh ó dhíolacháin sóide loiscní a bhreithniú sa mheasúnú díobhála toisc gur dhá thionscal neamhspleácha iad an dá cheann, d'aithin an Coimisiún tábhacht PVC sa tionscal ceimiceán níos leithne agus go háirithe sa 'phróiseas Clór-Alcaile'.

(230) Dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí S-PVC ón Éigipt agus ó SAM, sholáthrófaí cinnteacht do thionscal an Aontais a mbeadh méideanna díolacháin cobhsaí san Aontas mar thoradh air. Rachadh an chinnteacht sin chun tairbhe don tionscal ceimiceán níos leithne freisin ar na cúiseanna a luaitear thuas. Thairis sin, chuirfeadh sé deireadh leis an tionchar i dtéarmaí ísliú praghsanna agus mar sin ní hamháin go mbainfeadh tionscal an Aontais tairbhe as méideanna níos cobhsaí ach bheadh níos lú éiginnteachta aige freisin maidir leis na deiseanna chun a chostais a chumhdach.

(231) Soláthraíonn tionscal PVC an Aontais poist cháilithe a bhfuil luach saothair maith ag dul leo san Aontas, agus dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála chosnófaí thart ar 4 000 post díreach agus an iliomad post indíreach sa tionscal ceimiceán níos leithne.

(232) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sé chun leasa thionscal an Aontais dleachtanna frithdhumpála a fhorchur.

7.2. **Allmhaireoirí**

(233) Ní bhfuair an Coimisiún freagraí ó allmhaireoirí de chuid an Aontais leis an gceistneoir tiomnaithe. Chuir roinnt allmhaireoirí faisnéis pháirteach ar fáil chun tacú le honnmhaireoirí ón Éigipt agus ó SAM, ach níor leor an fhaisnéis sin chun measúnú a dhéanamh ar leas na n-allmhaireoirí sin.

(234) Mar sin féin, d'aithin an Coimisiún, trí dhleachtanna frithdhumpála a fhorchur ar S-PVC de thionscnamh na hÉigipte agus SAM, go bhféadfadh sé go mbeadh ar allmhaireoirí an ábhair sin dul i ngleic le díolacháin níos ísle S-PVC ag céim luath. Mar sin féin, bheadh allmhaireoirí fós in ann trádáil le táirgí ceimiceacha eile agus le S-PVC a tháirgtear i dtíortha eile a d'fhéadfadh bheith níos iomaíche nuair a thiocfaidh deireadh leis na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(235) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha nach mbeidh tionchar buan ag forchur dleachtanna frithdhumpála ar S-PVC de thionscnamh na hÉigipte agus SAM ar bhrabúsacht trádálaithe.

7.3. **Úsáideoirí**

(236) Chuaigh triúr úsáideoirí S-PVC san Aontas i dteagmháil leis an gCoimisiún agus chuir siad an freagra is gá ar an gceistneoir ar fáil, Rehau Industries SE & Co (Rehau), Foamalite; agus Granzplast. Mhaígh Rehau agus Foamalite nach chun leasa úsáideoirí san Aontas é dleachtanna frithdhumpála a fhorchur mar gheall ar an tionchar dóchúil i dtéarmaí praghsanna níos airde agus cumhacht níos mó do thionscal an Aontais.

(237) Chuir Granzplast faisnéis ar fáil faoina cheannacháin S-PVC lenar ceadaíodh don Choimisiún meastachán a dhéanamh ar thionchar na ndleachtanna faoi dheireadh ar a chostais iomlána.

(238) D'iarr Rehau éisteacht leis an gCoimisiún a tionóladh an 24 Aibreán 2024. Rinneadh an éisteacht go comhpháirteach leis an trádálaí comhlachaithe de chuid na hEilvéise, Meraxis AG.

(239) A mhéid a bhaineann le hábhair imní úsáideoirí, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil dháréag táirgeoirí i dtionscal PVC san Aontas agus go bhfágann saintréithe an táirge go bhfuil an margadh thar a bheith iomaíoch. Ar an gcaoi chéanna a raibh úsáideoirí in ann tairbhe a bhaint as soláthar S-PVC ón Éigipt agus ó SAM ar phraghsanna dumpáilte, bheadh úsáideoirí fós in ann soláthróirí eile a chur in ionad soláthróir amháin de chuid an Aontais chun praghsanna níos iomaíche a lorg, go háirithe mar gheall ar an líon mór táirgeoirí de chuid an Aontais.

(240) Mheas an Coimisiún freisin go mbeadh an tionchar foriomlán ar chostais na n-úsáideoirí measartha teoranta toisc gurb ionann a gceannacháin S-PVC ó na tíortha lena mbaineann agus céatadán idir 5 % agus 10 % dá gcostas iomlán. Ba cheart an tionchar teoranta sin ar a gcostais a mheas in éineacht leis na tairbhí a chuirfeadh tionscal PVC sláintiúil de chuid an Aontais le roinnt soláthróirí ar fáil.

(241) Ar deireadh, d'aithin an Coimisiún gur bhain úsáideoirí tairbhe as infhaighteacht S-PVC ó na tíortha lena mbaineann mar gheall ar éifeacht an íslithe praghsanna sa mhargadh ó 2022. Mar sin féin, is é an toradh atá air sin go bhfuil tionscal an Aontais neamhbhrabúsach, rud nach bhfuil chun leas fadtéarmach na n-úsáideoirí toisc go bhféadfadh sé sin iomaíocht i margadh an Aontais a chiorrú trí líon na dtáirgeoirí ar féidir leo leanúint de bheith ag oibriú sna himthosca sin a laghdú.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(242) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé chun leasa an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí S-PCV de thionscnamh na hÉigipte agus SAM le linn na céime sin den imscrúdú.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

(243) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(244) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí S-PVC de thionscnamh na hÉigipte agus SAM, i gcomhréir le riail na dleachta níos lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile (féach aithris (225)). Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(245) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
An Éigipt	Egyptian Petrochemical Company	100,1 %
	TCI Sanmar Chemicals S.A.E.	74,2 %
	Gach cuideachta eile	100,1 %
SAM	Formosa Plastics Corporation	70,3 %
	Westlake Chemicals	58,0 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	62,1 %
	Gach cuideachta eile	77,0 %

(246) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(247) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(248) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(249) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

(250) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(251) Mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin ón Éigipt TCI Sanmar gur cheart don Choimisiún praghas níos airde CAL ag teorainn an Aontais a úsáid sna ríomhanna ábhartha, rud a mbeadh corrlach gearrdhíola níos ísle mar thoradh air. Sa chomhthéacs céanna, ba cheart corrlach trádálaí a chur leis an bpraghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha chun teacht ar phraghas ceart CAL ag teorainn an Aontais.

(252) Scrúdaigh an Coimisiún an maíomh ach mheas sé nár bhain sé le cruinneas na ríomhanna. Dá bhrí sin, breithneoidh an Coimisiún é, in éineacht le gach aighneacht eile, tar éis fhoilsiú na mbeart sealadach.

(253) Chuir táirgeoir onnmhairiúcháin na Stát Aontaithe Formosa Plastics Corporation barúlacha isteach maidir leis an réamhnochtadh, inar iarr sé ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht chun costais SGA a shuí.

(254) Rinne an Coimisiún mionscrúdú ar na barúlacha. Bhain ceann de na barúlacha le cruinneas an ríomha agus leasaíodh ríomh chostais SGA, ach níor bhain na barúlacha eile le cruinneas an ríomha. Dá bhrí sin, breithneofar na barúlacha sin, in éineacht le gach aighneacht eile, tar éis fhoilsiú na mbeart sealadach.

10. FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH

(255) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún laistigh de sprioc-am seasta.

(256) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí fuaidreáin clóiríde polaivinile (‘S-PVC’), nach bhfuil measctha le haon substaint eile, atá faoi láthair faoi chód AC ex 3904 10 00 (cóid TARIC 3904 10 00 15 agus 3904 10 00 80) agus ar de thionscnamh na hÉigipte agus Stáit Aontaithe Mheiriceá iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
An Éigipt	Egyptian Petrochemical Company	100,1 %	89BA
	TCI Sanmar Chemicals S.A.E.	74,2 %	89BB
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hÉigipte	100,1 %	8999
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Formosa Plastics Corporation	70,3 %	89BC

	Westlake Chemicals	58,0 %	89BD
	Oxy Vinyls, LP	62,1 %	89BE
	Shintech Incorporated	62,1 %	89BF
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá	77,0 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse sé mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN